ÁBHAIR

3 Misean, Fís agus Luachanna

4 An Bord Stiúrthóirí agus Faisnéis Chorparáideach

6 Ráiteas ag an gCathaoirleach (Ainmnithe)

8 Lucht Bainistíochta

10 Athbhreithniú ag an bPríomhfheidhmeannach

16 Athbhreithniú Airgeadais

18 Seirbhís Uilíoch

21 Inbhuanaitheacht

25 Eisiúintí Stampaí agus Foilseacháin Stampsanais

29 Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais


IOMAÍOCHT
TUILLEADH
A DHÉANAMH
ATHRÚ
CUR LEIS

ÁR MISEAN

Seirbhísí poist, dáileacháin agus airgeadais den scoth ar chaighdeán domhanda le rochtain phobail áitiúil agus naisc dhomhanda nach féidir a shárú a chur ar fáil.

ÁR BHFÍS

Agus muid ag obair le chéile mar fhoireann aontaithe, is í ár n-aidhm an t-iomaíochas nua atá ann a shárú, seirbhís de cháilíocht níos fearr a sheachadadh, ar bhealach níos éifeachtaí, ar níos mó custaiméirí trí bheith de shíor ag dul in oiriúint, a bheith nuálach agus an t-athrú a chur i bhfeidhm go leanúnach.

ÁR LUACHANNA

Seirbhís Custaiméirí d'Ardchaighdeán

Tús áite a thabhairt don chustaiméir i ngach rud a dheinimid, caighdeán den chéad scoth a sholáthar go seasta.

Ráth Tráchtála

Ráth tráchtála a bhaint amach, agus brabús a thuilleamh ar mhaithe leis an ngnó a bhuanú agus a fhorbairt.

Iomaíochas Costais agus Éifeachtúlacht

Gnó éifeachtúil a rith ar bhonn iomaíoch.

Meas Agus Freagracht Phearsanta

Meas a bheith againn dá chéile agus a glacadh le freagracht phearsanta.

Saoránach Corparáideach Faoi Mheas

Cúram a dhéanamh den chomhshaol agus a bheith rannpháirteach sa phobal mar shaoránach corparáideach faoi mheas.

Nuáil agus Athrú

Nuáil agus oiriúnú a chleachtadh go leanúnach, agus athrú a fhorfheidhmiú go rathúil.

AN BORD STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH

1.

3.

5.

7.

2.

4.

6.

8.

1. Christoph Mueller
Cathaoirleach Ainmnithe
Arna fhógairt mar Chathaoirleach
26 Márta 2013
Chuaigh an tUas. Mueller isteach in Aer Lingus mar a Phríomhfheidmeannach (CEO) i mí Mheán Fómhair na bliana 2009. Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eitlíochta le TUI Travel plc., ar cuideachta FTSE 100 í, a bhí mar phost aige roimhe sin. Bhí poist fheidhmiúcháin shinsearacha ag an Uas. Mueller roimhe sin i roinnt cuideachtaí i dtionscal na heitlíochta lenar áiríodh Daimler Benz Aerospace agus Lufthansa AG. D'fhóin sé mar Phríomhfheidhmeannach Airgeadais DHL Worldwide idir na blianta 2002 agus 2004 agus bhí sé ina bhall de Choiste Feidhmiúcháin Deutsche Post AG thiar sa bhliain 2004 tar éis do Deutsche Post éadáil AG DHL a ghlacadh chucu féin. Is ball é de Bhord Thurasóireacht Éireann. Tá MBA aige ó Ollscoil Köln agus chríochnaigh sé Clár Ardbhainistíochta ag Scoil Ghnó Harvard freisin.

2. Noel Adamson
Stiúrthóir is Fostaí
Arna cheapadh 1 Samhain 2012
Chuaigh an tUas. Adamson isteach in Oifig an Phoist thiar sa bhliain 1981 mar fhear poist sa Phríomhoifig Shórtála ar Shráid Séartha i mBaile Átha Cliath. Is mar neach an phoist in Aonad 3 Seirbhísí Seachadta Fhionnradhairc a fostaíodh é le 18 bliain anuas. Tá sé tar éis bheith ina bhall gníomhach de Ceardchumann na nOibrithe Cumarsáide síos tríd an fhostaíocht aige. Is é an cathaoirleach reatha é ar an gCoiste Buanorduithe, agus tá sé i bpoist mar Rúnaí Cúnta agus mar Fheidhmeannach Sláinte & Sábháilteachta le Brainse Seachadta Poist Bhaile Átha Cliath.

3. Patrick Compton
Stiúrthóir is Fostaí - 1
Arna cheapadh 1 Samhain 2012
Séú téarma
D'oibrigh an tUas. Compton sa tseirbhís phoist le 40 bliain anuas, agus is é Comhordaitheoir Comhpháirtíochta an post reatha atá aige, agus é lonnaithe i Ros Comáin. Ba bhall é d'Fheidhmeannas Náisiúnta Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide ar feadh 22 bliain, agus ba eiseann an tUachtarán air thiar sa bhliain 1986. Bhí sé ina stiúrthóir den The Prize Bond Company Limited ar feadh na mblianta freisin. Bíonn sé gníomhach san fhorbairt phobail ina cheantar áitiúil, agus is é Feidhmeannach Forbartha Cóitseála & Cluichí do CLG Cho. Ros Comáin é.

4. Donal Connell, C.ENG., F.I.E.I., B.E.
Stiúrthóir - 2, 3
Arna cheapadh 14 Lúnasa 2006
Ceapadh an tUas. Connell mar Phríomhfheidhmeannach 14 Lúnasa 2006. Chuir sé túis lena ghairmréim sa Roinn Post agus Teileagraf agus bhí poist sinsearacha aige in Unitrode Corporation, 3Com Corporation agus Maxtor Ireland mar a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach An Post. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar Bhord Eorpach Xilinx Corporation agus is é Cathaoirleach Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post é.

5. Thomas Devlin
Stiúrthóir is Fostaí
Arna cheapadh 1 Samhain 2012
Tríú Téarma
Thosaigh an tUas. Devlin a ghairmréim in Oifig an Phoist sa bhliain 1976 nuair a chuaigh sé isteach sa Roinn Post agus Teileagraf mar Fhear an Phoist Sóisearach ag obair mar theachtaire in Oifig an Aire. Tá sé fostaithe faoi láthair mar Bhainisteoir Seirbhíse Seachadta in Aonad Seirbhíse Seachadta Mhullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath. Agus é ina bhall gníomhach de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide, d'fhóin sé don Fheidhmeannas Náisiúnta ar feadh dhá bhliain, agus ba é an Cathaoirleach é ar Chraobh na Mótarthiománaithe SDS Idir na blianta 1996 agus 2004.

6. Paul Henry A.C.A., M. Cuntasaíochta, B.A. (Bus & Econ)
Stiúrthóir - 1
Arna cheapadh 15 Meán Fómhair 2011
D'oibrigh an tUas. Henry, ar Cuntasóir Cairte é, mar Bhainisteoir Sinsearach Iniúchta agus mar Anailísí Sinsearach Airgeadais le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath PLC ón mbliain 2008 anuas. D'oibrigh sé le PriceWaterhouseCoopers, Baile Átha Cliath roimhe sin, mar a bhfuair sé oiliúint mar Chuntasóir Cairte.

7. William Mooney
Stiúrthóir is Fostaí
Arna cheapadh 1 Samhain 2012
Chuaigh an tUas. Mooney isteach in Oifig an Phoist sa bhliain 1982 mar Fhear an Phoist Sóisearach. Tá sé fostaithe i láthair na huaire mar Chléireach Oifig an Phoist in Ard-Oifig an Phoist. Is ball é d'Fheidhmeannas Náisiúnta Cheardchumann na nOibrithe Poist, agus tá post aige freisin mar Rúnaí Craobhchoiste Bhaile Átha Cliath na gCléireach Poist.

8. Martina O'Connell
Stiúrthóir is Fostaí
Arna ceapadh 1 Samhain 2012
Chuaigh Martina O Connell isteach in An Post sa bhliain 1993 mar Dhuine Cunta Poist agus tá sí ag obair anois mar Fheidhmeannach Poist in Oifig Seachadta Chathair Chorcaí Theas. Is ball gníomhach í de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide ón am a ndeachaigh sí isteach sa Chuideachta, tá sí ina ball den Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta ón mbliain 2002 agus fónann sí do roinnt fo-choistí.

9.

11.

13.

10.

12.

9. Peter Ormond B.A. (Bus. Mgt.)
Stiúrthóir
Arna cheapadh 8 Márta 2011
Is é an Bainisteoir Margaíochta le Mid Ireland Tourism é an tUas. Ormond ó mhí an Mhárta 2010 i leith, agus é ina Bhainisteoir Cláir Sheirbhísí Pobail do Chumann Forbartha Chill Chormaic roimhe sin. Tá taithí oibre eile aige sa cheantálaíocht, sna díolacháin agus margaíocht, agus sa lóistíocht. Is ball é de Chomhair Chontae Uíbh Fhailí agus é ina Chathaoirleach uirthi sa bhliain 2005/2006. Is ball é freisin den Bhord Airgeadais Oideachais.

10. John Quinlivan B.SC. (Mgt. & Law), M.SC. (SPL. PLG.), Dip. In Public Admin.
Stiúrthóir - 3
Arna cheapadh 24 Meitheamh 2008; Dara Téarma
Tá gairmréim fhada tar éis bheith ag an Uas. Quinlivan sa rialtas áitiúil, ag fónamh i bpoist sinsearacha i naoi gcontae, lena n-áirítear 15 bliain mar Bhainisteoir Contae Lú. D'fhóin sé ar feadh chúig bliana mar bhall den Údarás Náisiúnta um Bóithre agus d'fhóin sé freisin mar bhall de Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil, de Bhord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil agus de An Chomhairle.

11. William Scally M A Abhcóide
Stiúrthóir
Arna cheapadh 11 Nollaig 2012
Tá gairmréim fhada tar éis bheith ag an Uas. Scally san Eacnamaíocht agus sa Bheartas Poiblí. D'oibrigh sé go dtí an bhliain 2011 ar bhonn comhoibritheach mar chomhairleach neamhspleách um beartas poiblí agus gnóthaí poiblí sa chreatlach CIPA le héagsúlacht leathan gnóthais agus comhlachtaí ionadaíocha Éireannacha. Ba é an príomhúdar le Fixing Finance, foilseachán ón mbliain 2010 de chuid an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha. Tá an tUas. Scally tar éis léachtaí a thabhairt go forleathan faoi phróisis Rialtas na hÉireann agus próisis pholaitiúla. D'oibrigh sé le Siúcra Éireann ar feadh blianta fada agus mar chomhairleoir beartais phoiblí agus eacnamaíochta le roinnt Rialtas Éireannach. D'fhóin sé freisin ar bhord Forfás.

12. Lorraine Tormey
Stiúrthóir is Máistir poist
Arna ceapadh 1 Eanáir 2013
D'oibrigh Ms Tormey i ngnó oifig poist a teaghlaigh i Ráth Eoghain, Co. na hIarmhí ar feadh a saoil go léir, agus ceapadh mar Mháistréas Phoist inti í thiar sa bhliain 2001. Is í an Mháistréas Poist in Oifig an Phoist Shráid Austin Friar sa Mhuileann gCearr freisin í. Is rúnaí í Ms Tormey ar Chraobh na hIarmhí de Cheardchumann Máistrí Poist na hÉireann (IPU); is Stiúrthóir agus Rúnaí Cuideachta le Forbairt Phobail Ráth Eoghain í agus tá baint aici le héagsúlacht leathan tionscnamh gnó agus forbartha pobail áitiúla.

13. James Wrynn BSC.BCOMM., MBA.
Stiúrthóir - 1
Arna cheapadh 15 Meán Fómhair 2011
Is iar-léachtóir Sinsearach sa Bhainistíocht Straitéiseach in DIT é an tUas. Wrynn, agus is iar-Cheann na Roinne Staidéar Riaracháin i nDámh Gnó DIT é. D'fhóin sé ar Bhord BSL ar feadh beagnach deich mbliana, agus d'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach idir na blianta 1995 agus 2000 i gcaitheamh a théarma oifige. Ba eisean a bhí mar chathaoirleach ar Choistí Boird BSL um Infheistíocht Idirnáisiúnta agus Freagra Straitéiseach don Dí-Rialáil.

Rúnaí
Jack Dempsey

Oifig Chláraithe
Ardoifig an Phoist
Sráid Uí Chonaill
Baile Átha Cliath 1

Iniúchóir
KPMG, Cuntasóirí Cairte

Baincéirí
Banc na hÉireann

Aturnaetha
Matheson

Uimhir Chláraithe
98788

Eochair do Choistí Boird
1. Iniúchadh agus Riosca
2. Pearsanra
3. Luach Saothair

RÁITEAS AG AN GCATHAOIRLEACH (AINMNITHE)

Rud riachtanach do gheilleagar nua-aimseartha is ea soláthair seirbhís phoist d'ardchaighdeán, rud a nglactar leis fud fad an domhain. Is é an meath i líon poist thraidisiúnta is cúis le scrúdú i go leor tíortha den tsamhail airgeadais taobh thiar de sholáthar na hOibleagáide Seirbhíse Uilíche. Is feasach dom go bhfuil An Post tar éis bheith feasach d'fhorbairtí, agus beart á ghlacadh aige aghaidh a thabhairt ar thoradh an mheatha leanúnaigh sin. Is amhlaidh trí sin atá an Grúpa tar éis a mheascán ioncaim a athrú, le gníomhaíochtaí neamh-chroí ag méadú go seasmhach gach aon bhliain.

Aithnítear gur fheabhsaigh An Post a sheirbhís do chustaiméirí le blianta beaga anuas. Tá clú ar an gCuideachta go fóill as caighdeán a seirbhíse poist idirnáisiúnta.

TUILLEADH A DHÉANAMH

Tá an Grúpa tar éis a mheascán ioncaim a athrú, le gníomhaíochtaí poist neamhchroí ag dul i méid go seasmhach gach uile bhliain.

Is iomaí sócmhainní uathúla atá ag An Post; tá gréasán miondíola gan sárú aige, gréasán bailithe agus seachadta poist ar fud na tíre aige, tacar éagsúil táirgí agus seirbhísí, branda láidir iontaofa agus lucht saothair tiomanta le neart taithí acu. Tá na sócmhainní sin fós ábhartha do chustaiméirí gnó agus pearsanta araon, d'ainneoin na héabhlóide sa timpeallacht gnó digití. Ceann de na heochairdhúshláin os comhair na Cuideachta Is ea chun a chinntiú go gcuirtear chun feidhme iad sin ar bhealach a chinnteoidh todhchaí inbhuanaithe don eagras.

Tuigim gur tharla athrú nach beag le roinnt blianta anuas, agus go bhfuil cláir athraithe riachtanacha fós ar bun. Is í mo thaithí féin go leanfaidh an t-athrú sin ar aghaidh agus an gnó ag dul i ngleic leis an éileamh agus leis an líonmhaireacht d'fhonn bheith fós iomaíoch agus éilimh na gcustaiméirí a shásamh. Solúbthacht, éifeachtúlacht, costéifeachtacht agus nuálaíocht fheabhsaithe is ea na heochairghnéithe d'iarracht na Cuideachta seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí ar fud gach cearn den ghnó.

D'fheidhmigh An Post ról rílárnach i ngeilleagar agus i sochaí na hÉireann ar feadh blianta fada. Is mór an phribhléid agus an fhreagracht atá orm gabháil leis an gCuideachta mar Chathaoirleach.

Táimse ag súil le bheith ag obair leis an mBord, le Lucht Bainistíochta agus le foireann An Post chun an Chuideachta a shuíomh i gceart agus iad ag dul i ngleic le dúshláin deacra margaidh agus gheilleagracha go fóill, agus deiseanna tráchtála nua á ndúshaothrú don phríomhghnó agus do na fo-chuideachtaí.

Is mian leis an gCuideachta buíochas a ghabháil leo siúd a chuaigh ar scor den Bhord i rith na bliana, eadhon Jerry Condon, Anne Connolly, Paddy Costello, Gerry O'Toole agus Alan Sloane. Glactar buíochas freisin le John Fitzgerald (iar-Chathaoirleach) agus le Catherine Woods, a chuaigh ar scor beirt i mí Feabhra 2013. Is mór againn a gcuid oibre le linn a dtéarmaí oifige.

Christoph Mueller, Cathaoirleach (Ainmnithe)

BAINISTÍOCHT

1.

6.

2.

7.

3.

8.

4.

9.

5.

10.

1. Dónal Connell, C.ENG., F.I.E.I., B.E.
Príomhfheidhmeannach
Ceapadh an tUas. Connell mar Phríomhfheidhmeannach an 14 Lúnasa 2006. Thosaigh sé a ghairmréim sa Roinn Post agus Teileagraf, agus poist bhainistíochta sinsearaí aige in Unitrode Corporation, 3Com Corporation agus Maxtor Ireland mar a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach in An Post. Is Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é le Bord Eorpach Xilinx Corporation agus is é an Cathaoirleach é ar Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post.

2. John Daly, A.C.M.A., M.SC. (MGMT.)
Stiúrthóir Oibríochtaí Miondíola
Chuaigh an tUas. Daly isteach in An Post i mí na Nollag 1988 tar éis dó bheith ag obair roimhe sin mar Chuntasóir Bainistíochta le FÁS. D'oibrigh sé i gcaitheamh na coda luaithe dá ghairmréim le An Post, sa Stiúrthóireacht Airgeadais mar Chuntasóir Bainistíochta. Bhí roinnt post airgeadais agus bainistíochta sinsearach aige sa rannán Miondíola ansin sular ceapadh é dá phost reatha i mí Dheireadh Fómhair 2006. Is é Cathaoirleach The Prize Bond Company Limited é.

3. Jack Dempsey, B.COMM., M.B.A., M.P.A.
Rúnaí Cuideachta
Chuaigh an tUas. Dempsey isteach in Oifig an Phoist thiar sa bhliain 1968 mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Post agus Teileagraf. Ghnóthaigh sé taithí leathan le linn a ghairmréime i ngach gné d'oibríochtaí poist agus gníomhaíochtaí tráchtála, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus é i mbun roinnt post bainistíochta sinsearaí ar fud na Cuideachta. Ceapadh mar Rúnaí Cuideachta é i mí an Mhárta 2011.

4. Peter Gallagher, B.SC., M.B.A., M.INST.D
Stiúrthóir Straitéise agus Feabhais um Ghnó
Chuaigh an tUas. Gallagher isteach in An Post i mí Aibreáin 2007 mar Cheann Straitéise agus Feabhais sa Ghnó. Bhíodh sé ina Pháirtí i gCleachtas Claochlaithe Gnó Domhanda de chuid PA Consulting sula ndeachaigh sé isteach in An Post, mar a raibh sé i gceannas ar chláir mhóra claochlaithe agus feabhsaithe oibriúcháin ghnó do chliaint san earnáil phríobháideach & phoiblí. Áirítear lena róil roimhe seo Stiúrthóir Straitéise le KPMG Consulting agus Bainisteoir Oibríochtaí Gnó (An Ríocht Aontaithe & Éire) do Dell Computer Corporation.

5. Pat Knight, M.SC.(MGMT.), F.C.I.P.D.
Stiúthóir Acmhainní Daonna
Chuaigh an tUas. Knight isteach in An Post i mí an Mhárta 2004 mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna. Bhíodh sé ina Bhainisteoir Ginearálta roimhe sin ag Waterford Crystal, chuaigh sé isteach ann thiar sa bhliain 1986 agus mar a raibh róil shinsearacha sna hAcmhainní Daonna aige, in Éirinn agus thall sa Ríocht Aontaithe araon. Áirítear lena thaithí roimhe seo saothar mar Oifigeach Pearsanra le Bord na Móna plc. Is Iontaobhaí le Scéimeanna Aoisliúntais An Post é, agus is stiúrthóir le Air Business Limited é.

6. Brian Mccormick, B.E. (MECH.), M.B.A.
Stiúrthóir Seirbhísí
Chuaigh an tUas. McCormick isteach in An Post i mí na Bealtaine 2002 mar Stiúrthóir Straitéise, agus ceapadh é ina phost reatha mar Stiúrthóir Seirbhísí i mí Dheireadh Fómhair 2003. Áirítear lena thaithí roimhe seo CRH plc agus Merrion Corporate Finance mar a raibh sé ina Stiúrthóir. Is Iontaobhaí de Scéimeanna Aoisliúntais An Post é agus is Cathaoirleach One Direct (Ireland) Limited agus Air Business Limited é.

7. Liam O'Sullivan
Stiúrthóir Oibríochtaí Poist
Chuaigh an tUas. O'Sullivan isteach in An Post thiar sa bhliain 1985. Ghnóthaigh sé taithí leathan le linn a ghairmréime thar réimse iomlán de ghnó na Cuideachta. Bhí poist éagsúla aige sa bhainistíocht shinsearach agus sa bhainistíocht thionscadail aige sa Chuideachta. Ceapadh é ina Stiúrthóir Próiseála Poist i mí Iúil 2004 agus d'fhóin sé tréimhse freisin mar Stiúrthóir ar Chláir Athraithe agus Oibríochtaí Bailiúcháin & Seachadta. Ghabh sé lena phost reatha i mí Aibreáin 2009. Is Stiúrthóir é ag GeoDirectory Teoranta.

8. Peter Quinn, B.COMM., F.C.A., M.B.A.
Príomhfheidhmeannach Airgeadais
Chuaigh an tUas. Quinn isteach in An Post i mí Lúnasa 2004. Bhí poist shinsearacha airgeadais agus straitéiseacha aige roimhe seo in PJ Carroll and Company plc agus in Monaghan Mushrooms Limited. Is Cuntasóir Cairte é le hoiliúint sa chleachtas le KPMG. Is stiúrthóir de chuid Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post é.

9. Liam Sheehan
Stiúrthóir Díolachán agus Margaíochta
Chuaigh an tUas. Sheehan isteach in An Post thiar sa bhliain 2000 mar Bhainisteoir Ginearálta Díolachán & Margaíochta, agus ceapadh é mar Stiúrthóir Díolachán & Margaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2006 é. Tá taithí fhorleathan aige in earnáil ghnóthach earraí tomhaltóra na hÉireann agus i gcruthú branda, bainistiú cainéal agus straitéis díolachán. Bhí poist shinsearacha aige roimhe seo sna Díolacháin & Margaíocht in Procter & Gamble agus in Guinness agus ba Stiúrthóir Tráchtála le Erin Foods é. Is stiúrthóir le The Prize Bond Company Limited é. Is Cathaoirleach freisin é de The Gift Voucher Shop Limited.

10. Barney Whelan, B.SC., M.B.A., F.P.R.I.I.
Stiúrthóir Cumarsáide agus Gnóthaí Corparáideacha
Chuaigh an tUas. Whelan isteach in An Post i mí Eanáir 2005. Agus go leor blianta caite aige i dtionscal an dobharshaothraithe, ba eisean a bhí freagrach as caidreamh phoiblí agus cumarsáid bhranda ag BSL. Bhí post aige dá éis mar Stiúrthóir, Díolacháin agus Margaíochta ag an mBord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia. Ceapadh é ina phost reatha i mí Dheireadh Fómhair 2006.

ATHBHREITHNIÚ AG AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Le linn na bliana 2012 choinnigh an Chuideachta lena fócas straitéiseach, ag leanúint le struchtúir inmheánacha, táirgí, tairiscintí seirbhíse, cleachtaí oibre agus an sreabhadh oibre a chóiriú i leith timpeallacht eascarthach an ghnó.

Rinne an clár infheistíochta straitéiseach againn sinn a shuíomh chun dul san iomaíocht ag an leibhéal is airde, ár gcumasú chun freastal ar riachtanais síorathraithe na gcustaiméirí anois agus sa todhchaí. Cothrom leis an méid seo, leanaimid orainn ag díriú ar na limistéir sin a fhéadann ioncam nua agus méadaithe a ghiniúint. Tá An Post anois i measc na soláthraithe seirbhíse poist is fearr ar domhan ó thaobh caighdeán na seirbhíse agus táimid tiomanta i gcónaí chun an stádas seo a choinneáil ar bhonn leanúnach.

AG ATHRÚ

Ag freastal ar riachtanais síor-athraithe na gcustaiméirí

2012 Ioncam

- **€507M**
  POST
- **€111.2M**
  OIBRITHE MIONDÍOLA
- **€170M**
  FOCHUIDEACHTAÍ

Táimid leath bealaigh trí na Cláir Athraithe uaillmhianacha agus tá tógtha againn ar éachtaí na mblianta roimhe seo lena n-áirítear:

- Laghdú €100m ar na costais oibrithe bliantúlaithe
- Croílaghdú ar lucht oibre na Cuideachta de 1,284 oibrí lánaimseartha coibhéiseacha (FTE) agus caighdeán seirbhíse an phoist á mhéadú chun leibhéil churiarrachta
- Forás substaintiúil i láimhdeachas na bhfochuideachtaí a mhéadaigh a rannchuidiú don ghrúpa
- Feidhmíocht láidir mhiondíola leanúnach

Leanfaidh an cur chuige seo faoi mar a phléann an Post, fearacht oibritheoirí poist domhanda eile, le toilleadh meathlaitheach poist, ionadaíocht mhéadaithe leictreonach agus athraithe suntasacha i dtimpeallacht an ghnó.

Feidhmíocht airgeadúil
Taifeadadh caillteanas oibrithe Grúpa €17.5m don bhliain (2012) in aghaidh brabúis €2.2m don bhliain roimhe seo. Is é seo an chéad chaillteanas trádála a thabhaigh an Grúpa ó 2003 agus níl sé inchothaitheach sa mheántéarma. Is é an dáil aonair is mó is cúis leis, an meath gan fasach sa phost tráidisiúnta arna spreagadh go príomha ag an ngéarchéim eacnamaíoch. Bhraith an Chuideachta laghdú 27% sa toilleadh ón mbuaic sa bhliain 2007. Is comhchosúil é scála an mheatha lena bhfacthas i dtíortha eile.

Bhí €501m san iomlán san ioncam poist sa bhliain 2012, 1.1% níos isle ná 2011. Bhain an Chuideachta leas as méaduithe praghais €6.5m do sheirbhísí USO ag meá níos mó ná 50 gram agus táirgí áirithe neamh-USO ; méadú 9% i dtoilleadh na mbeart agus na mbeartán agus praghsáil fheabhsaithe ar an bpost idirnáisiúnta trí dhleachtanna críochfoirt. Thit toilleadh an phoist tráidisiúnta le 5.2% in imeacht na bliana; bhí ráta an mheatha níos isle áfach sa dara leath den bhliain. Tá an Chuideachta ag buiséadú do mheath breise 5% i rith 2013 atá réasúnta dar linn tar éis na dtreochtaí ar na mallaibh agus an timpeallacht leanúnach eacnamaíoch.

Chruthaigh an rannán Miondíola go maith agus an t-ioncam ag €169m i gcomparáid le €171.6m an bhliain roimhe. Rannchuidigh táirgí mar dhíolacháin Steirlinge agus Dollair €4.4m méadú 13% ón mbliain 2011, ag cúiteamh an ioncaim laghdaithe ón gconradh NTMA a chlúdaíonn soláthar táirgí na dTaiscí Stáit.

Mhéadaigh fochuideachtaí na Cuideachta a n-ioncam go dtí €111m ó €80m sa bhliain 2011 ag léiriú forás tathagach ina bpunanna táirgí faoi seach. Tá gach ceann acu suite go láidir taobh istigh dá margadh sainiúil féin agus baineann said leas ón gcomhlachas atá acu le An Post. De bhrí gur dhún Aviva a líonra brainse, táscairí dearfacha don bhliain atá romhainn is ea nascadh a ngnó áitiúil brainse le One Direct chomh maith le forás leanúnach an tSiopa Dearbhán Bronntanas.

Caighdeán Seirbhíse an Phoist
D'fheabhsaigh an Chuideachta go comhsheasmhach feidhmíocht seachadta iar-lae an phoist teaghlaigh aonmhíre agus bhí feabhsú suntasach thar an mbliain roimhe sin. Cuireadh na torthaí seo i gcrích in aghaidh cúlra athinnealtóireacht leanúnach an bhailiúcháin agus na n-oibrithe seachadta ar fud na tíre anuas ar an mórchlár innealtóireachta uathoibrithe ag Lárionaid Phoist na Cuideachta.

Léirigh torthaí cáilíochta don Phost Idirnáisiúnta feidhmíocht láidir agus 97% den phost in Éirinn seachadta taobh istigh de thrí lá i ndiaidh postála san Eoraip in aghaidh Sprioc Treoir Phoist AE 85% agus meán Eorpach 95.4% agus 96.5% den phost a seachadtar san Eoraip taobh istigh de thrí lá i ndiaidh postála in Eirinn. Tá An Post ar cheann de na príomhfheidhmitheoirí san Eoraip i gcónaí.

Cur chuige straitéiseach
D'áirigh ár gcur chuige straitéiseach i leith an timpeallacht athraitheach ghnó le blianta beaga anuas fócas speisialta ar:

- Laghdú costais san íocaíocht agus sa neamhíocaíocht
- Réiteach phraghas an Phoist
- Ioncam éagsúlaithe agus méadaithe
- Miondíol

Éilítear soláthar gach ceann de na crainn seasta seo d'fhonn go mbeidh rath ar an múnla gnó.

SAN IOMAÍOCHT

Costais oibríocha á laghdú agus infheistíocht sa bhonneagar

▼ **€53.4M**
LAGHDÚ AR CHOSTAS BLIANTÚIL SAOTHAIR Ó 2008

▼ **€35.5M**
LAGHDÚ AR CHOSTAIS NEAMHÍOCAÍOCHTA SA BHLIAIN 2012 I GCOMPARÁID LEIS AN MBLIAIN 2008

4,500
OIBRITHE POIST TREALMHAITHE LE SCANÓIRÍ SOGHLUAISTE

Éilítear soláthar gach ceann de na crainn seasta seo d'fhonn go mbeidh rath ar an múnla gnó. Le linn tréimhse an phlean reatha cúig bliana feicfimid meath leanúnach i dtoilleadh agus in ioncam an phoist tráidisiúnta. Is mór an trua céim reatha na gcaillteanas ach tabharfar aghaidh air seo taobh istigh den phlean cúig bliana, a fhad agus a thagann bearta maolaithe, lena n-áirítear gníomhú riachtanach ar phraghsáil an phoist, i bhfeidhm. Chuir an Chuideachta i gcrích cheana féin laghdú buan €100m i gcostais íocaíochta agus neamhíocaíochta bliantúlaithe agus tógfaidh sé ar a theist go dtí seo inar léir an dul chun cinn sa limistéar seo sna blianta atá romhainn.

Clár Athraithe
Sa tréimhse ó 2008, mheathlaigh na huimhreacha maidir leis an bhfoireann lánaimseartha coibhéiseach (FTE) sa chroíchuideachta 1,284 agus laghdaíodh an costas saothair bliantúlaithe €53.4m. B'ísle 396 ná an bhliain 2011 leibhéal meánach FTE na foirne. Leanfaidh an Chuideacht lena clár um pleanáilte laghdaithe foirne FTE a chur i gcrích i mbliana agus sna blianta atá romhainn. Éilítear sa phlean reatha laghdú foirne 2,600 FTE le linn na tréimhse 2009 – 2016. Is ionann seo agus laghdú meánach bliantúil 325 FTE. Táimid faoi láthair leath bealaigh tríd an gclár seo agus tá laghdú foirne meánach 321 FTE in aghaidh na bliana curtha i gcrích.

Tháinig de thoradh an chláir coigiltí forleathadúla neamhíocaíochta €35.5m sa bhliain 2012 (.i. 22.5% níos isle) i gcomparáid leis an mbliain 2008. A fhad agus a bhraitheamar an boilsciú i roinnt mircheann costais mar bhreosla agus leictreachas i rith na bliana chúitigh coigiltí i seirbhísí gairmiúla agus i limistéir eile an méid seo.

Lean an infheistíocht chaipitil in uathoibriú breise taobh istigh de ghnó an Phoist ar aghaidh sa bhliain 2012 le hinsealbhú trealamh nua próiseála ag Lárionaid Phróiseála Poist Phort Laoise agus Átha Cliath, chomh maith le huasghrádú an trealaimh ag Lárionaid Phróiseála Poist Chorcaí agus Átha Luain. Tá an tionscnamh seo ag soláthar feabhsuithe suntasacha cheana féin i rátaí léimh ag éascú sórtáil an phoist, de chineálacha éagsúla, go dtí leibhéal bhealach seachadta fear an phoist, ag rannchuidiú ar an gcaoi sin le coigiltí costais, éifeachtacht agus laghduithe foirne FTE.

Leanann cur i bhfeidhm na bhfuascailtí teicneolaíocha ilghnéitheacha chun taca a chur faoi chlár Athraithe na Cuideachta agus an straitéis ghnó. I rith na bliana 2012, imlonnaíodh SAN (Líonra Limistéar Stórála) chun freastal ar riachtanais mhéadaitheacha stórála na sonraí. Trealmhaíodh 4,500 oibrithe poist éigin le scanóirí soghluaiste ag ceadú gabháil sínithe na gcustaiméirí ag pointe an tseachadta agus ag cumasú uaslódáil fíor-ama na faisnéise deargriachtanaí chuig an gcóras Rianaithe Táirge.

Taobh istigh den líonra Miondíola, díríodh an infheistíocht ar nuáil an táirge nua, feabhsú na gcóras agus uasghrádú an áitribh. Leanfaidh An Post air chun úsáid na teicneolaíochta a uasmhéadú mar bhunchuid dá chur chuige i leith dúshláin nua ghnó i dtimpeallacht síor-athraitheach agus éiginnte.

Pinsin
D'fheabhsaigh ar an easnamh i scéim phinsin An Post go dtí €285m ar 31 Nollaig 2012, thíos ó €484m de bharr feidhmíocht fheabhsaithe infheistíochta go príomha. Tá caibidlíocht ghníomhach ar siúl leis na ceardchumainn d'fhonn freastal ar an gCaighdeán Íosta Cistithe.

Rialúchán agus Praghas
Ní raibh aon réiteach praghais do sheirbhísí poist taobh istigh de réimse na seirbhíse poist uilíoch a bhaineann le bearta poist ag meá níos lú ná 50 gram i rith na tréimhse Márta 2007 – Nollaig 2012. Cuireadh iarratas praghais ag lorg méaduithe praghais réasúnta faoi bhráid ComReg i bhFeabhra 2012.

AG RANNCHUIDIÚ

Páirtíocht leis an Rialtas agus le heagraíochtaí tráchtála

25.2 MILLIÚN
IDIRBHEARTA BILLE-ÍOCAÍOCHTA THAR CEANN XX EINTITEAS TRÁCHTÁLA

€9,445 MILLIÚN
LUACH AN LEASA STÁIT ARNA ÍOC AG AN POST THAR CEANN AN ROINN COIMIRCE SÓISIALAÍ

Ar 1 Márta 2013, cheadaigh ComReg méadú 5c ar an litir theaghlaigh chaighdeánach ó 55c go 60c. Leis an méadú seo, tá praghsáil An Post an-mhaith i gcomparáid le soláthraithe seirbhíse poist san AE, lena n-áirítear An Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Bheilg.

Ag glacadh leis an meath gan fasach agus buan i dtoilleadh an phoist agus an ioncaim gus nuige seo, arna spreagadh go príomha ag an turnamh eacnamaíoch, níl praghsanna an phoist faoi láthair ag leibhéal inchothaitheach. Is gá más ea réiteach rialta an phraghais chomh maith le mórlaghduithe costais agus méadú ioncaim agus tá said mar phríomhchuid de phlean gnó na Cuideachta.

De réir Acht na Seirbhísí Poist 2011, tá sé i gceist ag ComReg praghsanna An Post a rialáil trí chur i bhfeidhm Meicníocht Chaidhp Praghais ag teorannú praghas meánach 'ciseán seirbhísí'. Tá tionscnamh Meicníocht Chaidhp Praghais iomchuí deargriachtanach maidir le cur i gcrích aidhm na Cuideachta, mar atá, réiteach rialta agus riachtanach an phraghais a dhaingniú sna blianta atá romhainn.

Bhí roinnt forbairtí ann i ndáil le rialáil Cháilíocht na Seirbhíse i rith 2012. I mí Feabhra thionscain ComReg imeachtaí dlíthiúla i gcoinne An Post faoi théarmaí Rialúcháin an Chomhphobail Eorpaigh (Seirbhísí Poist) 2002, ag lorg ordú ón ArdChúirt go ndéanfadh An Post de réir an sprioc seachadta iar-lae 94% do phost aonmhíre. D'fhéach sé freisin le píonós airgeadúil a fhorchur don neamhghéilleadh líomhnaithe do chaighdeán Cháilíocht na Seirbhíse.

Tá An Post ar a chroídhícheall ag cur in aghaidh na caingne seo san ArdChúirt faoi mar a tuairiscíodh ar an Tuarascáil Bhliantúil anuraidh. Léiríonn an mhéadracht inmheánach againn arna comhthacú ag monatóir cháilíocht na seirbhíse á reáchtáil go neamhspleách ag PWC do An Post chomh maith le monatóireacht neamhspleách Cháilíocht na Seirbhíse ar na sreabha idirnáisiúnta poist, léiríonn siad i gcónaí leibhéal níos airde feidhmíochta go suntasach. Léirigh na monatóirí seo feabhsú comhsheasmhach san fheidhmíocht le blianta beaga anuas. Creideann An Post i monatóir feidhmíochta nua aonair teaghlaigh ag teacht le ComReg arna oibriú agus arna iniúchadh go neamhspleách mar bhealach chun tosaigh a chuirfeadh ar fáil don Chuideachta faisnéis chaoithiúil fháithmheasta.

Go luath sa bhliain 2012 d'eisigh ComReg Treoir chuig An Post chun seirbhís seachadta iar-lae a sholáthar do bhearta poist chuig seoladh áirithe nár sheoladh bailí poist é. Chuir an Chuideachta go rathúil ina aghaidh seo i gcaingean athbhreithnithe dlíthiúil. Rinne an ArdChúirt orduithe ag cur na Treorach seo ar neamhní agus ag deonú faoiseamh eile a lorg An Post. Thug ComReg le fios ina dhiaidh sin go bhfuil sé i gceist aige an bhreith seo a achomharc sa Chúirt Uachtarach.

Cuireadh i gcrích go rathúil mórchlár le blianta beaga anuas chun caighdeán na seirbhíse a fheabhsú agus leanfaidh an Chuideachta le díriú ar thorthaí a bhaint amach, rud a chuireann i measc na gníomhaithe is fearr ar domhan.

Ioncam nua
Tá giniúint na sreabh ioncaim bhreise freisin ina cuid bhunúsach de straitéis an Ghrúpa. Leanfar ar aghaidh á chur seo i gcrích trí bhreis táirgí agus seirbhísí nua sna gnóthaí poist agus miondíola chomh maith le fochuideachtaí agus iad go léir dlúthcheangailte le príomhghnó An Post. Leithdháil an Chuideachta airgead tirim ina réamhfhaisnéis chun an infheistíocht chuí a éascú d'fhonn na cuideachtaí seo a chumasú chun a bpleananna a chur i gcrích agus deiseanna a thapú a eascróidh ina n-earnálacha. Leagadh síos spriocanna sínte uaillmhianacha agus is fianaise ar acmhainn an Ghrúpa chun teacht ar aghaidh sa chomhthéacs seo, ár bhfeidhmíocht gus nuige seo.

Tá an Chuideachta bródúil freisin as a chuid éachtaí thar ceann an Rialtais i mbainistiú phunann na dTaiscí Stáit, Cuideachta an Chrannchuir Náisiúnta agus faoi sheirbhís a chur ar fail do chustaiméirí an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is léiriú iad na himeachtaí seo ar theist rathúil go dtí seo An Post trasna earnálacha ilghnéitheacha. Bhí méadú na dTaiscí Stáit trí oifig an phoist ó leabhar €6 billiún sa bhliain 2007 go beagnach €17 billiún inniu an-suntasach ar fad. Ar an gcaoi chéanna éacht tábhachtach freisin is ea an €225m a bhailítear i 2012 tríd an gCrannchur Náisiúnta ar son dea-chúiseanna. Is fiú a lua freisin go bhfuil an Crannchur Náisiúnta rangaithe i measc na gcrannchur is fearr atá ag feidhmiú ar domhan faoi mar a thomhais La Fleur's agus tá An Post ag súil le páirt a ghlacadh i bpróiseas tairisceana Cheadúnais an Chrannchuir Náisiúnta atá le teacht.

NÍOS MÓ Á DHÉANAMH

An líonra seirbhísí airgeadúla is mó sa tír á reáchtáil

1,150
ASRAON

1.7 MILLIÚN
CUSTAIMÉIRÍ SEACHTAINIÚLA

6
AR OSCAILT 6 LÁ SA TSEACHTAIN

Ag seirbhísiú ghnó an Rialtais
Leagtar amach in Acht 1983 mar cheann d'aidhmeanna An Post: 'Seirbhísí cuntair a sholáthar do ghnó na Cuideachta féin agus an Rialtais ar fhoráil go bhfuil said comhoiriúnach do na seirbhísí seo agus do na príomhaidhmeanna a leagadh amach... do [sheirbhísí] eile mar is iomchuí dar leis an gCuideachta'. Tá An Post rannpháirteach go gníomhach i dtairiscint reatha 'seirbhísí um sholáthar airgid tirim' de chuid an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá an Cuideachta muiníneach go gcuirfidh sé an tairiscint is láidre faoi bhráid agus tá sé ag súil le toradh dearfach do gach duine atá páirteach.

Tá An Post suite go conláisteach chun níos mó seirbhísí Rialtais a sholáthar tríd an líonra. Reáchtálaimid an líonra seirbhísí airgeadúla is mó sa tír, ag cuimsiú níos mó ná 1,150 asraon arna n-oibriú go príomha ag miondíoltóirí neamhspleácha ag fostú níos mó ná 3,000 duine ina gcomhphobail áitiúla. Tairgeann an Líonra seo an deis chun rochtain a fháil ar an 1.7m custaiméir a úsáideann oifig an phoist ar bhonn seachtainiúil. Cuireann sé ar fáil réimse seirbhísí airgeadúla agus is cuid lárnach é de phleanáil airgeadúil ó lá go lá go leor dár saoránaigh. Tá oifig an phoist i gcónaí ar cheann de na hinstitiúidí is iontaofa sa tír.

Faoi mar a fhéachann roinnt banc lena líonraí brainse a chóimheas, thug said faoi deara go bhféadfaí go leor dá gcuid idirbheart miondíola a dhéanamh ar bhealach níos inniúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais taobh istigh de líonra oifig an phoist. Ceadaíonn an socrú seo rochtain ar mhúnla claochlaitheach costais d'idirbhearta agus tairgeann sé seirbhísí bancála dá gcustaiméirí inár líonra miondíola comh-phobalbhunaithe, sé lá sa tseachtain. Tá lion na n-idirbheart ag fás i gcónaí ar bhonn bliantúil ag cruthú go bhfuil leibhéal ard rannpháirtíochta ag an gcustaiméir sna seirbhísí seo. Sa bhliain 2012, próiseáladh trí mhilliún idirbheart go hachomair ar an mbealach seo faoi mar a leathnaíomar an soláthar seirbhíse do AIB ach go háirithe agus do Danske Bank freisin. Le blianta beaga anuas, bhí méadú ar líon na seirbhísí infhaighte trí oifig an phoist áitiúil. Chuir ár gcliaint agus ár gcustaiméirí freisin fáilte roimh theacht i láthair Cártaí Bronntanais One4all, roimh postfone agus roimh dhíolacháin Steirling agus Dollair. Is é taithí na seirbhísí seo go bhfuil siad ag fás go tathagach in ainneoin timpeallacht dheacair mhiondíola na hÉireann.

Faoi mar a leanann go leor Ranna Rialtais ar aghaidh chun idirbhearta miondíola ar líne a spreagadh, tá costais i bhfad níos airde os a gcomhair don chuid eile de na hidirbhearta as líne. Tá deis chosúil infhaighte do na cuideachtaí seo chun ár líonra atá bunaithe go háitiúil a úsáid, chun an rochtain ar sheirbhísí Rialtais a fheabhsú, agus coigiltí costais suntasacha a sholáthar trí leas a bhaint as an múnla claochlaitheach costais d'idirbhearta mar ar cuireadh síos air thuas. Cás den chineál is ea an fhorbairt maidir le rún an Rialtais chun an iniamh airgeadúil a chur i gcrích trí sholáthar Cuntas Bunúsach Bainc. Tá an Cuideachta muiníneach go bhféadann sí páirt lárnach a dhéanamh sa Rialtas á chur seo i gcrích trí líonra oifig an phoist a úsáid.

Sholáthair líonra oifig an phoist seirbhís dearscnaitheach don Roinn Coimirce Sóisialaí agus dá cliaint le fada an lá. In go leor limistéar tuaithe agus cathrach, is é oifig an phoist an t-aon asraon a thairgeann réimse seirbhísí airgeadúla incheannaithe agus inrochtana. Tugann torthaí treoirscéime ar na mallaibh le fios nach mbeidh rath ar thionscnaimh iniaimh airgeadúil mura soláthraítear iad trí líonra miondíola na rogha – oifig an phoist.

Is fiú a lua gur fheabhsaigh go seasta ar cháil agus ar sheasamh an Chuideachta i measc an phobail faoi mar a thomhais Millward Brown, le linn na tréimhse seo an réitigh, an chóimheasta agus na hinfheistíochta. Mhéadaigh ar gach paraiméadar cáile ar mhodh staidreamh-shuntasach bliain ar bhliain.

Timpeallacht ghnó fhíordheacair is ea staid eacnamaíoch leanúnach na hÉireann. Tabharfaidh An Post aghaidh ar na dúshláin iarmartacha go diongbhálta i rith na bliana atá ag teacht agus ina diaidh. Leanfaidh an Chuideachta le cóiriú a cuid struchtúr agus acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar fhírinne lom an ghnó athraithigh. Tá forbairt na dtáirgí agus na seirbhísí nuála ina cuid lárnach den straitéis ghnó in éineacht le soláthar leanúnach seirbhís chustaiméir-dhírithe d'ardchaighdeán, a thugann luach ar airgead agus atá ábhartha.

Sa deireadh thiar is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Pat Rabbitte T. D. agus lena oifigigh as a gcabhair agus a dtacaíocht i rith 2012.

Donal Connell, PríomhFheidhmeannach
27 Márta 2013

Tá an rath á chur i gcrích ag roinnt gnólachtaí ar féidir leo leas a bhaint as saineolas agus fianaise na Príomhchuideachta. Is iad seo a leanas an príomhrath in airéine na bhfochuideachtaí:

Cuideachta an Chrannchuir Náisiúnta
Tá An Post an-bhródúil as éachtaí an ghnó seo thar an 25 bliain ó tháinig ann dó. D'fhorbair an bhainistíocht agus foireann na Cuideachta ardrathúil agus chabhraigh na cistí a bailíodh ar bhealach nach beag leis na tairbhithe trasna na tire. Dáileadh €225m ar son cúiseanna maithe sa bhliain 2012. Eiseoidh an Rialtas tairiscint maidir le dámhachtain an chéad Cheadúnas Crannchuir eile sna míonna atá romhainn. Tá An Post ag súil le páirt a ghlacadh i bpróiseas tairisceana Ceadúnais an Chrannchuir Náisiúnta atá le teacht.

One Direct
Chuaigh One Direct i gceann gnó árachais na línte pearsanta (mótar agus baile) arna stiúradh roimhe seo ag Aviva trína líonra brainse féin. Is méadú suntasach é seo ar an ngnó. Éascaíonn sé comhdhlúthú an chainéil dáilte a oibríonn One Direct óna lárionad glaonna in Áth Luain le líonra fisiceach oifig an phoist. An gnó breise seo anuas ar fheidhmíocht láidir i ngach líne den árachas, mótair, baile agus saoil, tugann sé neart breise don bhranda ar an margadh.

Gnó Aeir
Tháinig forás nach beag sa ghnó earnála poist seo atá bunaithe sa RA le dhá bhliain anuas. Ba mhó ná €75m an láimhdeachas sa bhliain 2012. Díríonn an gnólacht seo ar chomhlíonadh, ar bhainistíocht suibscríbhinne agus ar dháileadh trí chainéil phoist idirnáisiúnta do chliaint mhóra foilsiúcháin idirnáisiúnta go príomha. I measc na gcustaiméirí reatha tá teidil cháiliúla mar The Economist, Informa's Lloyds List, The British Medical Journal, Country Life, Vogue, The Lancet, New Scientist agus foilseacháin éagsúla eile idir acadúil agus oideachasúil.

Pointe an Phoist
Tairgeann an cainéal íocaíochtaí seo in éineacht le líonra oifig an phoist, seirbhís an-luachmhar do na custaiméirí agus do na soláthraithe táirge mar an gcéanna. Tá meath éigin ar mhargadh breisithe creidmheasa na bhfón póca agus laghdaíodh ar na lamhálacha do gach cuideachta íocaíochta san earnáil seo. Is é taithí an chainéil seo gur charnaigh na hidirbhearta go dtí luach €250m i rith 2012. Tá forbairtí agus athruithe táirge nua nuála sa teicneolaíocht ábhartha i gcónaí agus tá an Grúpa tiomanta chun forbartha san earnáil seo.

An Siopa Dearbhán Bronntanas
Is é an cárta bronntanais One4all an rogha dearbhán bronntanas in Éirinn. Choinnigh an nuáil agus forbairt an táirge é seo ar thus cadhnaíochta. De bhreis ar seo chuir an leathnú isteach sa RA le méid an ghnó seo. Rannchuidigh an fhochuideachta seo go dearfach leis an toradh oibriúcháin ag an nGrúpa agus is cuid an-suntasach é d'oibrithe miondíola na Cuideachta.

Ba é €807.3m láimhdeachas an Ghrúpa don bhliain 2012, méid beag níos mó ná a bhí ann anuraidh ag €807m.

Ba iad meath breise i dtoilleadh bunúsach postais, moill chun faomhadh a fháil ón gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) maidir le coigeartú praghsanna agus moill chun cláir um laghdú costas a chur i bhfeidhm a d'imir tionchar ar chaillteanas oibriúcháin an Ghrúpa ag €17.5m. Ní mór do na hOibreoirí Post a phléann leis na dúshláin áirithe bheith in ann praghas a chur ar tháirgí agus ar sheirbhísí de réir fórsaí an mhargaidh, agus chuige sin, tá An Post ag dúil go mór le tabhairt isteach rathúil meicníocht úrnua caidhpe praghais de chuid ComReg sa bhliain 2014. Léiríonn na torthaí sin eacnamaíocht bhaile atá an-dúshlánach ar fad freisin.

	2012 €m	2011 €m
Láimhdeachas	807.3	806.7
Brabús /(caillteanas) oibriúcháin an Ghrúpa	(17.5)	2.2
Glansócmhainní (seachas dliteanas pinsin)	297.3	319.0

Críochnaíodh an bhliain airgeadais 2012 le Caillteanas Oibriúcháin Grúpa de €17.5m i gcomparáid le Brabús Oibriúcháin Grúpa de €2.2m ón bhliain roimhe. Ach tá sceabhach ar an gcomparáid idir an dá bhliain mar gheall ar ioncam eisceachtúil €28m a ghin post in Olltoghchán agus Toghchán Uachtaránachta sa bhliain 2011.Ioncam

Ba é €501m an t-ioncam foriomlán sa bhliain 2012, 1.1% níos lú ná a bhí in 2011. Bhí laghdú 5.2% i dtoilleadh poist traidisiúnta le linn na bliana, agus léiríodh moill shuntasach i ráta an mheatha ó 6.8% sa chéad leath den bhliain go 3.6% sa dara leath.

Bhí cúiteach de chineál éigin ar an meath thuasluaite i dtoilleadh poist traidisiúnta le méadú i dtoilleadh na mbeart agus na bpaicéad, i méadú praghsanna i roinnt seirbhísí neamh-USO agus i rátaí nua-fheabhsaithe atá iníoctha don Chuideachta ag riaracháin idirnáisiúnta poist agus ag oibreoirí náisiúnta poist as a gcuid post a sheachadadh in Éirinn.

Sheas ioncam sa roinn mórdhíola go maith ag €169m i gcomparáid le €171.6 don bhliain roimhe. Ba é €16.7 bhilliún luach ar Choigilt Stáit faoi dheireadh na Nollag 2012, méadú de €2.4 bhilliún ar an mbliain roimhe. Léiríodh fás spreagthach inár gcuid sraitheanna ioncaim mórdhíola nua lena n-áirítear díolacháin Steirling agus Dollar saor ó choimisiún agus seirbhísí breise gníomhaireachta do AIB, Danske Bank agus seirbhísí eile airgeadais agus soláthraithe fóntais.

Fochuideachtaí
Bhí méadú in ioncam ó ghnóthais fhochuideachtaí An Post go €111m ó €80m, rud a ghin brabús roimh cháin agus dea-thoil de €8.5m. Léirítear leis sin fás daingean sna príomhfochuideachtaí a leanann lena bhfeidhmiú láidir ina gcuid margaí féin agus baineann leas mór as an gcomhlachas le líonra Oifig an Phoist. Táscairí dearfacha don bhliain amach romhainn is iad táthcheangal ag One Direct ar ghnó brainse áitiúil árachais tí agus gluaisteán de chuid Aviva, mar dhún siad a líonra brainse san Fhómhar, agus an fás leanúnach an tSiopa Dearbhán Bronntanais (The Gift Voucher Shop) (One4All). Is láidir go fóill iad na corrlaigh bhrabúis thar na gnóthais.

Praghsáil
Cuid riachtanach de phlean gnó na Cuideachta is iad coigeartú leanúnach na bpraghsanna in éineacht le laghdú leanúnach na gcostas. Tá sé ar intinn ag ComReg praghsanna An Post a rialú faoin Acht um Sheirbhísí Poist, 2011, trí Mheicníocht Caidhpe Praghais a chur i bhfeidhm, rud a chuirfidh teorainn ar mheánphraghas "cliabháin seirbhísí". Rud riachtanach is ea Meicníocht Caidhpe Praghsanna cuí a thabhairt isteach maidir le sprioc na Cuideachta chun coigeartuithe praghsanna reatha agus riachtanacha a bhaint amach sa todhchaí.

Costais
Leanadh le hathrú cláir a chur i bhfeidhm de réir mar a bhí ag súil leis le himeacht na bliana. Sa tréimhse ó bhí 2008 ann bhain an chroíchuideachta laghdú FTE de 1,284 amach agus laghdú €53.4m ar chostas saothair. Sa bhliain 2012 ba ionann uaireanta saothair agus 9,641 coibhéis lánaimseartha. Ba é sin 396 níos lú ná a bhí in 2011 agus léiríonn tionchar ag cláir athraithe leanúnacha ar an mbunchostas.

Rinneadh bunchostais neamh-phá a laghdú le €4m sa bhliain 2012. Bhí boilsciú ann i roinnt réimsí amhail breosla agus leictreachas, rud atá á fhritháireamh ag coigilt i gcostas na seirbhísí proifisiúnta agus i gcatagóirí eile costais. Tabhaíodh costais bhreise sa seirbhísiú láimhseáil beart agus paicéad, áit a bhfuilimid ag méadú ár sciar den mhargadh i ngnó náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Airgead Tirim
Ba iad €112m acmhainní airgid an Ghrúpa ag 31 Nollaig, 2012 (€150m in 2011). Rinneadh €25m a infheistiú i gcaiteachas caipitil agus €17m i seirbhís dheonach/scéimeanna luathscoir deonacha le linn na bliana. Déanann an mhuirir dímheasa neamhairgid de €22m feidhm airgid thirim an chaillteanais trádála de €17.5m a mhaolú.

Sócmhainní Seasta
Ba é €28m caiteachas caipitil i 2012. Ní raibh aon diúscairtí suntasacha sócmhainní le linn na bliana. Tá caiteachas breise caipitil den mhéid céanna beartaithe do 2013, lena n-áirítear comhlánú den infheistíocht i dtaca leis an nginiúint is déanaí trealaimh phróiseála phoist.

Scéimeanna Pinsin
Áirítear i gclár comhardaithe An Post ag 31 Nollaig 2012 easnamh pinsin €285m (€484 in 2011). Baintear úsáid as foshuíomhanna atá i gcomhréir leo siúd sa tionsclaíocht le muirir agus easnamh an chláir chomhardaithe a ríomh . Is iad seo ráta lacáiste de 4%, boilsciú pinsin/pá fadtréimhseach de 1.5% agus toradh ar infheistíocht de 7.5% do ghnáthscaireanna, 3% do bhannaí agus 4% d'aicmí eile sócmhainní.

Ní foláir do Scéimeanna Pinsin amhail scéim le sochar sainithe tabhairt faoi riachtanais an Bhoird Phinsin maidir le Íoschaighdeáin Chistiúcháin. Tá An Post ag súil le bheith in ann na hathruithe is gá a dhéanamh ar an scéim ionas gur féidir leis an íoschaighdeán cistiúcháin a bhaint amach, mar a leagtar síos sa reachtaíocht.

Ionchas
Is é 2012 an chéad bhliain le caillteanas oibriúcháin a thaifeadadh ó bhí 2003 ann. Níl sé seo inbhuanaithe sa mheántéarmach. Is iad cláir leanúnacha athraithe a chur i bhfeidhm, ath-ailíniú praghsanna a bhaint amach agus fás sruthanna nua ioncaim i ngnóthais bhunúsacha agus fochuideachta na príomhthiomántóirí le filleadh ar bhrabúsacht a bhaint amach.

Achtaíodh An tAcht um Rialáil Chumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 (An tAcht) Mí Lúnasa 2011.

Ceanglais USO (Oibleagáid Seirbhíse Uilíche)
Faoi Alt 17 den Acht, ainmnítear An Post mar Sholáthraí Seirbhíse Uilíche Poist ar feadh thréimhse 12 bliana.

Faoi Alt 16 den Acht, ciallaíonn Seirbhís Uilíoch Phoist go mbeidh na nithe mar seo a leanas ar fáil gach lá oibre ar a laghad, ach amháin i gcúinsí nó i ríochtaí tíreolaíocha ina measann ComReg a bheith eisceachtúil:

(i) imréiteach amháin, agus

(ii) seachadadh amháin chuig baile nó áitreabh gach duine sa Stát nó, chuig monarchana iomchuí, de réir mar a mheasann ComReg faoi ríochtaí siúd ar ar féidir cinneadh ó am go ham, mar is cuí.

Áireofar sa tseirbhís uilíoch na háiseanna íosta mar seo a leanas:

(a) go ndéanfar paicéid phoist suas le 2 kg a imréiteach, a shórtáil, a iompar agus a dáileadh;

(b) go ndéanfar paicéid phoist suas le teorainn mheáchain arna sonrú ag ordú ComReg (nó suas le 20kg i gcás nár sonraíodh iad) a imréiteach, a shórtáil, a iompar agus a dháileadh;

(c) go ndéanfar bearta suas le 20 kg meáchain ó Bhallstáit eile a shórtáil, a iompar agus a dáileadh;

(d) seirbhísí do mhíreanna cláraithe;

(e) seirbhísí do mhíreanna faoi árachas laistigh den Stát agus chuig gach tír agus uathu, tíortha, gur is sínitheoirí iad do Choinbhinsiún an Aontais Uilíoch Poist, a dhearbhaíonn a gcuid toilteanais leis na míreanna siúd a ghlacadh isteach, ar bhonn cómhalartach nó in aon treo amháin;

(f) seirbhísí poist, saor in aisce, chuig daoine dalla nó caocha.

De réir mar a éilítear in Alt 16(9) den Acht, leag ComReg rialacha síos i Mí Iúil 2012 a shonraigh na seirbhísí le cur ar fáil ag An Post, seirbhísí a bhaineann le soláthar na Seirbhíse Uilíche Poist. Tá Rialacháin um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Uilíocha Poist), S.I. 280 de 2012, a leagan amach na seirbhísí siúd, ar fáil ar www.irishstatutebook.ie nó ar www.comreg.ie.

Seirbhísí Uilíocha a Rochtain
Tugann An Post rochtain ar a chuid seirbhísí trí líonra 57 Oifig phoist cuideachta, trí 1,095 oifig phoist atá oibrithe ag máistrí poist agus trí 166 gníomhaireacht poist. Ina theannta sin, tá 1,188 áitreabh miondíol ceadúnaithe le stampaí poist a dhíol, mar ghníomhaithe ceadúnaithe gníomhacha. Tá timpeall 5,000 bosca poist scaipthe ar fud an Stáit le rochtain fhisiceach ar an tseirbhís a éascú. Tá 43 pointe glactha isteach ainmnithe le haghaidh seirbhísí poist ar a mhórchóir.

Táillí
Tá achoimre ar na praghsanna ar sheirbhísí caighdeánacha ar mheáchan suas le 50g a bhí i bhfeidhm le linn 2012, mar seo a leanas. †

Éire & TÉ	Litreacha (suas le C5)	Clúdaigh Mhóra	Paicéid	Bearta
Post Caighdeánach	55c 54c más Ceadúnas nó méadar	95c	€2.20	€6.50
Post Cláraithe*	€5.25	€5.25	€5.25	€10.50

* Clúdaítear cúiteamh suas le €320 sa táille iníoctha ar an mbunseirbhís cláraithe. Tá cúiteamh breise suas le €1,500 ar fáil ar chostas €4 agus €5 ar suas le teorainn €2,000 bunaithe ar an luach dearbhaithe ag am postála.

Seoltaí Sprice Idirnáisiúnta	Litreacha (suas le C5)	Clúdaigh Mhóra	Paicéid	Bearta
Post Caighdeánach	82c	€1.50	€2.70	GB €18.25 ROW €22.00
Post Cláraithe**	€5.17	€5.85	€7.05	GB €23.00 ROW €27.00

**Braitheann fáil ar sheirbhís ar riarachán poist sa spriocthír. Cúiteamh suas le €320 sa Bhreatain; €150 san Eoraip; €100 do bhearta agus €35 do litreacha laistigh den Eoraip

† Le héifeacht ó 2 Aibreán 2013, d'athraigh An Post a gcuid táillí ar Phost Caighdeánach laistigh den tSeirbhís Uilíoch. Méadaíodh na táillí ar mhíreanna ar meáchan suas le 50g agus tá na táillí sin i bhfeidhm ar mhíreanna suas le 100g, tá laghdú sa táille a bhí ann roimhe ar mhíreanna ar meáchan idir 51-100g mar thoradh air. Is iad 60c ar litreacha, €1.50 ar chlúdaigh mhóra agus €2.40 ar phaicéid ar meáchan suas le 100g na rátaí nua ar Phost Caighdeánach in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann. Baineann lacáistí má íoctar le méadar. Is iad 90c ar litreacha, €1.65 ar chlúdaigh mhóra agus €3.00 ar phaicéid ar meáchan suas le 100g na táillí nua ar gach seoladh sprice eile. Bhí méadú ar phraghsanna na mbeart Caighdeánach Idirnáisiúnta freisin.

Tá liosta iomlán táillí reatha USO ar fáil sa Treoir ar Rátaí Poist (féach www.anpost.ie)

Caighdeán na Seirbhíse
Idirnáisiúnta
Bunaíodh caighdeán cáilíochta na feidhmíochta um sheachadadh poist trasteorainn laistigh den Chomhphobal sna Treoracha Poist (97/67/CE mar a leasaíodh) agus áirítear i Sceideal 3 den Acht. Is mar seo a leanas an caighdeán cáilíochta maidir le míreanna poist sa chatagóir chaighdeánach is gaiste:

D+3: 85% de mhíreanna; D+5: 97% de mhíreanna, mar is ionann D agús dáta postála.

Intíre
Éilítear ar ComReg san Acht caighdeáin cháilíochta a bhunú maidir le post intíre de sheirbhís uilíoch, rud nach mór dó bheith comhoiriúnach leo siúd mar atá ag seirbhísí trasteorainn laistigh den Chomhphobal. Shocraigh ComReg sprioc cháilíochta seirbhíse le haghaidh post tosaíochta aonair intíre mar seo a leanas:

D+1: 94% D+3: 99.5%, D+1: 94% D+3: 99.5%, mar is ionann D agús dáta postála.

Monatóireacht ar cháilíocht
Déanann Research International monatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne spriocanna idirnáisiúnta thar cheann Chorparáid Idirnáisiúnta Poist (International Post Corporation (IPC)). Déanann Ipsos MRBI monatóireacht ar cháilíocht na seirbhíse intíre thar cheann ComReg. Tá sonraí ar na torthaí is déanaí ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.anpost.ie., agus ar fheidhmíocht intíre ar fáil freisin ar www.askcomreg.ie.

Feabhra 2012, Sheirbheáil ComReg imeachtaí dlí ar An Post faoi théarmaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist) 2002, ag iarraidh ordaithe ón Ard-Chúirt go ndéanfar An Post an sprioc sheachadta ar an lá arna mhárach ag 94% a chomhlíonadh do phost intíre aonair agus ag iarraidh pionós airgid a ghearradh ar An Post as caighdeán cáilíochta seirbhíse a neamh-chomhlíonadh. Tá An Post ag cosaint an imeachta sin go bríomhar.

Gearáin Chustaiméirí
Éilítear ar An Post taifid a choinneáil ar ghearáin chustaiméirí de réir an chaighdeáin ábhartha IS san Eoraip: EN 14012:2003. Tugtar sa tábla, maidir le post, miondealú ar ghearáin a fuarthas ó chustaiméirí le linn na bliana 2012. Is ionann iomlán na ngearán agus mionchuid ar líon iomlán an phoist a fuarthas le linn na bliana ar fad.

Gearáin a fuarthas ó chustaiméirí i scríbhinn:	
Míreanna ar iarraidh nó moill mhór orthu	18,287
Míreanna damáiste	980
Míreanna a fuarthas go mall	351
Bailiú nó seachadadh post:	
Aga seachadta	347
Theip ar sheachadadh laethúil chuig baile nó áitreabh	115
Uaireanta bailithe/Teipeanna bailithe	2
Mísheachadadh	486
Rochtain ar fhaisnéis faoi sheirbhísí do chustaiméirí	-
Post gearríoctha	145
Táillí ar phost aonair/scéimeanna lacáiste agus coinníollacha	-
Athrú seolta (Atreorú)	919
Iompair agus inniúlacht pearsanra poist	22
An dóigh le plé le gearáin	-
Eile (nach n-áirítear thuas)	1,789
Iomlán	**23,443**

Áirítear gearáin faoi mhíreanna cláraithe, ar líon 5,563, san iomlán.

Rinneadh 475,414 glao teileafóin ar Sheirbhísí do Chustaiméirí An Post sa bhliain 2012. Bhain an chuid is mó dóibh siúd le gnáthfhiosrúcháin nó fiosrúcháin ghinearálta, seachas gearáin. Le linn na bliana, rinneadh línte teileafóin ag an Aonad Seirbhísí Seachadta a lárú san Aonad Seirbhísí do Chustaiméirí, rud a chinntigh seirbhís níos comhordaithe caighdeánaithe dár gcuid custaiméirí.

Tá na Nósanna Imeachta um Réiteach Gearán agus Díospóidí de chuid An Post leagtha amach in 'Getting it Sorted', ar fáil ar ár láithreán gréasáin, i ionaid mhiondíola, agus ónár nAonad Seirbhísí do Chustaiméirí. Tá Cairt Custaiméirí againn freisin, ina bhfuil gealltáin ar leith do chustaiméirí maidir lenár gcuid seirbhísí.

Tuilleadh Faisnéise
Tá tuilleadh faisnéise maidir le seirbhísí a sholáthraíonn An Post ar fáil ach glaoch ar Sheirbhísí do Chustaiméirí An Post ar Glao Sábhála, 1850 57 58 59, le ríomhphost a sheoladh chuig customer.services@anpost.ie, le dul chuig www.anpost.ie, nó le bualadh isteach in oifig an phoist cóngarach duit.

INBHUANAITHEACHT

Tá inbhuanaitheacht ag An Post bunaithe go daingean laistigh de ghníomhaíocht gnó leanúnach, agus dírithe ar ár dtionchar ar an timpeallacht a mhaolú, ar cháilíocht an tsaoil a fheabhsú dár gcuid custaiméirí agus ar fheabhas a chur ar ár dtairiscint ghnó.

An Timpeallacht
I ndiaidh chlár feabhsaithe ceithre bliana a chur i gcrích, d'éirigh le An Post laghdú suntasach carbóin a bhaint amach thar ár gcuid foirgneamh agus flít. Mar gheall ar stoc tógála agus flít measartha mór, is ionann an clár inbhuanaitheachta agus feabhsú agus nuálaíocht thar réimse deiseanna le coigilteacht carbóin a mhéadú.

Thug ár mballraíocht den International Post Corporation, Energy Management and Monitoring Standard (IPC EMMS) teimpléad éifeachtach tuairiscithe ón mbliain 2009.

Cuireann an córas seo um fheidhmiúlacht tagarmharcála i measc ballríocht Poist ar ár gcumas athrú a bhrú chun tosaigh laistigh den ghnó, agus ár gCuideachta a mheas thar réimse táscairí. Déantar ár dtorthaí ar chomhpháirtíocht agus ar fheidhmiúlacht a iniúchadh ina n-iomláine agus a fhoilsiú gach bliain mar thuarascáil inbhuanaitheachta trasearnála.

Sa bhliain 2013 tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar ár rangú IPC EMMS agus úsáid níos fearr a bhaint as fuinneamh trí chóras bainistíochta fuinnimh a fhorbairt a bhaineann go díreach le riachtanais na Cuideachta.

Laistigh de IPC EMMS, chuamar chun tosaigh chuig meánrangú maidir lena n-úsáid charbóin agus fhuinnimh araon. Mar gheall air sin cuirtear laistigh den réimse sinn le sprioc um ídiú fuinnimh ag an earnáil náisiúnta phoiblí a bhaint amach, is é sin 33% de laghdú roimh 2012. Chuige sin, thosaíomar ar thuairisciú bliantúil ar ídiú fuinnimh chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha sa bhliain 2012.

Sa bhliain 2013 tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar ár rangú IPC EMMS agus úsáid níos fearr a bhaint as fuinneamh trí chóras bainistíochta fuinnimh a fhorbairt a bhaineann go díreach le riachtanais na Cuideachta.

Thosaigh an Chuideachta ar obair ullmhúcháin le linn 2012 leis an gCóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a chur i bhfeidhm. Is é ár mbarúil go mbeimid an chéad oibreoir post leis an gcaighdeán sin a bhaint amach, rud a thabharfaimid le creat oibre le:

- Beartas a fhorbairt maidir le húsáid níos éifeachtaí fuinnimh
- Spriocanna leis an mbeartas a chomhlíonadh a leagan síos
- Úsáid a bhaint as sonraí le tuiscint níos fearr a fháil ar úsáid fuinnimh sa Chuideachta agus le cinnteoireacht a dhéanamh faoi.
- Torthaí a thomhas
- Éifeachtacht an bheartais a athbhreithniú
- Feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh i réimse bainistíochta fuinnimh

Tá sé beartaithe scóip ISO 50001 a leathnú amach lenár bhfeidhm iompair a chur san áireamh in 2014.

Fuinneamh a Úsáid
Baintear an chuid is mó úsáide as fuinneamh sa Chuideachta:

- Le teas agus soilsiú a sholáthar inár saoráidí
- Le hídiú breosla inár bhflít iompair

D'ídigh An Post 122.15 GWh d'fhuinneamh fud fad na Cuideachta in 2012.
Seo mar a leanas an briseadh síos:

- 22.5 GWh d'fhuinneamh
- 20.7 GWh de bhreoslaí iontaise le haghaidh teasa
- 79.15 de bhreoslaí iontaise le haghaidh Iompair.

Le linn 2012 leanamar ar aghaidh leis an obair i dtreo sprioc straitéiseach na Cuideachta, 33% laghdú in kWhr agus 20% laghdú in úsáid CO_2.

Le linn 2012 leanamar ar aghaidh leis an obair i dtreo sprioc straitéiseach na Cuideachta, 33% laghdú i kWhr agus 20% laghdú i CO2 trí thabhairt faoi na tionscnaimh agus na cláir mar a sainaithnítear thíos.

- Infheistíocht i rialú níos fearr ár gcóras soilsithe, agus coigilt shuntasach de 350 MWhr a tháinig mar thoradh as dá réir.
- Cuireadh tuilleadh uasghráduithe i bhfeidhm ar an gCóras Bainistíochta Tógála lenár n-ídiú fuinnimh in Ard-Oifig an Phoist a rialú níos fearr. Rinneadh feidhmiú céimneach ar an gCóras Bainistíochta Tógála (BMS) chuig Aonad Seirbhíse Seachadta (DSU) Bhaile Dúill agus DSU Bhaile an Teampaill ag coigilt 160 MWhr.
- Rinneadh feidhmiú céimneach ar thionscadal teasa na Cuideachta chuig deich n-oifig agus fuarthas coigilt 200 MWhr mar thoradh as sin.
- Ár gCóras Bainistíochta Fuinnimh (EnMS) a ainliú le ISO 50001
- Rinneadh clár píolótach in Aonad Poist Ath Luain a dhírigh ar choigilt teasa agus baineadh na spriocanna tosaigh amach, agus le sprioc dírithe ar choigilt fuinnimh de 400MWh faoi dheireadh na bliana 2013.
- Tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh a ionchorprú i ngach saoráid nua tógála

Gníomhaíochtaí atá beartaithe don bhliain 2013:
Tá An Post tiomanta le laghdú fuinnimh agus CO_2 a fheabhsú trí na tionscnaimh mar seo a leanas a thabhairt faoi don bhliain 2013:

- Deimhniú chuig ISO 50001 a bhaint amach.
- Tuilleadh infheistíochta in uasghrádú soilsithe fud fad ár gcuid saoráidí.
- Feidhmiú céimneach na dtionscadal um fheabhsú fuinnimh
- Tionscnaimh teasa dírithe ar ár n-úsáideoirí is mó fuinneamh
- Bearta um rialú teochta a thabhairt isteach i ngach ceann dár gcuid Aonad Poist
- Córas amadóirí teochta inmheánacha le suiteáil i mórchuid ár gcuid oifigí
- Córas rialuithe teasa a ionchorpraíonn braiteoirí seachtracha/comhthimpeallacha i measc úsáideoirí mórfhuinnimh.
- Tacú lenár n-oifigí áitiúla le córas targmharcála a chur i bhfeidhm thar an Chuideachta maidir le húsáid fhuinnimh, le feabhas fuinnimh gach oifige a shainaithint agus le cur lenár spriocanna foriomlána i bhfeidhmiúlacht fuinnimh.

Dúshlán Éici-thiomána
Bhí foireann Bailiúcháin agus Seachadta fud fad na tíre páirteach i nDúshlán Éici-Thiomána An Post. Rinne gach iomaitheoir bealach seachadta ar leith a chríochnú chomh cúramach agus is féidir, ag seachadadh litreacha agus beart ar an mbealach, agus ag úsáid líon breosla is lú agus is féidir.

Ba iad luas tiomána agus sábháilteacht ar bhóithre i measc na scileanna dár gcuid tiománaithe poist.

Táirgí Éicea-ghlantacháin
Tá bliain iomlán déanta ag an gCuideachta in úsáid ábhair intomhalta glantacháin agus seomra níocháin atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, i ndiaidh beartas náisiúnta ceannacháin comhtháite a chur i bhfeidhm i ngach réadmhaoin de chuid An Post. Áirítear laghdú ollmhór sa phacáistiú, in iompar agus dramhaíl i mbuntáistí réimse na dtáirgí. Tá an táirge deimhnithe le héici-lipead an AE, bláth an AE.

Áit Oibre
Éagsúlacht
Ceann de na heagraíochtaí bunaidh déag is é An Post a shínigh an chéad Chairt um Éagsúlacht Éirinn (Diversity Charter Ireland), ag léiriú ár dtiomantas deonach maidir le bainistíocht éifeachtach éagsúlachta, le comhionannas a chur chun cinn agus le leithcheal a sheachadadh ar gach ceann de na naoi mbonn comhionannais, míchumas san áireamh.

Rinne An Post láithreán nua, Comhionannas agus Éagsúlacht, a lainseáil ar ár n-inlíon, ina dtugtar foinse ollmhór faisnéise a bhaineann le saincheisteanna Comhionannais agus Éagsúlachta agus reachtaíocht; Míchumas, Doiciméid bheartais; Ábhair Aerach/Leispiach/Déghnéasach/Trasinscneach; agus tionscnaimh Cothromaíochta Oibre is Saoil laistigh de An Post.

Is é an aidhm atá leis an láithreán sin feasacht ar cheisteanna Comhionannais agus Éagsúlachta a spreagadh agus a chur chun cinn agus le haird a dhíriú ar ábhair chomhoiriúnacha ar féidir tionchar a imirt ar ár gcuid fostaithe.

Áis oideachasúil ar líne is ea anpostschoolbag.ie, áis atá tiomanta le daltaí bunscoile agus meánscoile agus múinteoirí a chur ar an eolas maidir le réimse páirtíochta ag An Post i saol eacnamaíochta, timpeallachta agus pobal na hÉireann.

Ríomhfhoghlaim Comhionannais Mhíchumais
Chuir An Post tús le feidhmiú céimneach an chúrsa Ríomhfhoghlaim Comhionannais Mhíchumais de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais, rud a rinneadh le rannpháirtíocht na gcomhlachtaí seirbhísí poiblí (An Post san áireamh).

Agus é bunaithe ar dhea-sheirbhísí do chustaiméirí, dírítear sa chúrsa ar dhearcthaí atá ag athrú chun baic a bhaint, baic a chuireann srian ar rochtain ar áiseanna tábhachta, ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Déantar sa chúrsa oiliúna cuidiú le feasacht níos airde ar mhíchumas a fhorbairt – feasacht a léiríonn ár gcroíluachanna féin, "Urraim agus Freagracht Phearsanta" agus "Saoránach Corparáideach Urramach"

Cuidíonn an cúrsa sin le An Post lena gcuid freagrachtaí i gcomhréir le reachtaíocht na hÉireann lena mbaineann a chomhlíonadh (is é sin, an tAcht um Míchumas 2005; an tAcht um Stádas Comhionainn 2000; an tAcht um Chomhionannas 2004; agus Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2011).

Pobal
Rinneamar ár gclár leasaithe oideachas in 2012 le teacht isteach anpostschoolbag.ie chuig na bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéil ar fud na tíre.

Áis oideachasúil ar líne is ea anpostschoolbag.ie, áis atá tiomanta le daltaí bunscoile agus meánscoile agus múinteoirí a chur ar an eolas maidir le réimse páirtíochta ag An Post i saol eacnamaíochta, timpeallachta agus pobal na hÉireann.

Anois cuirimid ár gcuid éachtaí i gcomhthéacs a gcuid leasa eacnamaíochta don tír agus toradh ar infheistíochtaí.

Tá an áis, anpostschoolbag.ie ceaptha de réir inniúlacht teicneolaíochta na scoileanna féin – cláir bhána agus ríomhairí. Leagtar béim san inneachar ar réimse iomlán seirbhísí poist agus gnó miondíola de chuid An Post, agus gníomhaíochtaí seomra ranga a bhaineann go díreach leis an gcuraclam á soláthar ag an am ceana. Tá na háiseanna ceaptha le haird chruthaitheach a chur ar thiomantas An Post maidir le inbhuanaitheacht agus pobal. Tá leagan Béarla agus Gaeilge araon ar gach faisnéis ar fáil.

Rothaíocht An Post
Príomhthacadóir Rothaíocht Éireann is é An Post, láithreacht a thógamar le tiomantas breis agus sé bliana anuas don spórt. Déanaimid níos mó ná urraíocht rothaíochta – tá an ról mar comhpháirtí thábhachtach tuillte againn i ngach ceann de na himeachtaí a thugamar tacaíocht dóibh.

Rinneamar ceannródaíocht ar chur chuige gnó-dhírithe le páirtíocht agus lucht tacaíochta don sport a uasmhéadú ag gach leibhéal.

Táimid dóchasach go fóill go ndéanfaidh ár gcuid tacaíochta urraitheoirí eile a spreagadh chun páirteachais sa spórt. Bhí an cur chuige tráchtála chuig ár n-urraíocht thábhachtach dár ngnó agus tá sé ag feidhmiú go maith don rothaíocht. Anois, cuirimid ár gcuid éachtaí i gcomhthéacs an leasa eacnamaíochta don tír, toradh ar infheistíocht a fhaighimid i dtéarmaí feasachta branda agus ar an méid a thugaimid do shaol Éireannach tríd an rothaíocht.

Sa bhliain 2012, thug An Post tacaíocht d'Fhoireann Sean Kelly, An Post , Rás An Post, Sraith Rothaíochta An Post, Rás na mBan, An Post, Seó Rothaíochta na hÉireann agus d'fhoireann pararothaíochta na hÉireann ar an mbealach chuig Cluichí Londan 2012.

EISIÚINTÍ STAMPAÍ AGUS FOILSEACHÁIN STAMPSANAIS

Sa bhliain 2012, d'eisigh An Post 37 stampa speisialta agus comórtha a chlúdaigh ábhair éagsúla amhail Garspriocanna Suntasacha Eolaíochta – Cathair Eolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Dlí Uí Bhaoill, Barnardo Éireann, Na Cluichí Oilimpeacha – Londain 2012, agus An Eoraip – "Tabhair Cuairt ar Éirinn."

I measc na mbuaicphointí sa chlár stampaí 2012 eisíodh na ceithre stampa mothúchánach ar chuimhneacháin Chéad Bliain Titanic ag dul faoi, dhá léaráid le David Rooney le Céad Bliain ar bhás Bram Stoker, cruthaitheoir Dracula, a shonrú; agus tacar stampaí cuimhneacháin le 50ú Comhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta a cheiliúradh – a tionóladh in Éirinn don chéad uair ó bhí 1932 ann.

Dhear Ger Garland sraith cheithre stampa chun na hEalaíona Comhaimseartha – Damhsa, a cheiliúradh. Agus iad eisithe mar stampaí diamant-chruthaithe, agus suite laistigh de leabhrán nuálach diamant-chruthaithe, léiríodh sa tsraith réimse gluaiseachta damhsa nua-aoiseacha as: Fabulous Beast Dance Theatre, Dance Theatre of Ireland, Irish Modern Dance Theatre agus CoisCéim Dance Theatre.

Chruthaigh an t-ealaíontóir a bhfuil clú agus cáil air, Vincent Killowry, dhá phictiúr do na stampaí, Rás Farraige Volvo, agus phéinteáil Fergus Lyons na híomhánna ar a raibh an tsraith, Miotais agus Finscéalta na hÉireann, bunaithe. Agus iad deartha le Steve Simpson, léirítear éachtaí Chlann Lir, Chlann Uisnigh, Fionn Mac Cumhaill agus Séadanta ar na stampaí finscéalta seo.

Agus é deartha ag Zinc Design Consultants, baineadh úsáid as grianghrafadóireacht drámata le heachtraí laochta bhaill na Briogáide a ghabháil i gceiliúradh 150ú Cinn Bliana Bhriogáid Dóiteán Bhaile Átha Cliath, baill a chuireann a saol i mbaol gach lá ina seirbhís phoiblí duine le duine.

Ina theannta sin, chonacthas tabhairt isteach Céim III den Seachtú Sraith Dheifnídeach sa bhliain 2012 – Ainmhithe agus Beatha Muirí na hÉireann. Leanadh i gCéim III le feidhmiú céimneach na sraithe galánta seo ar an bhformáid nua thabhairt isteach, Stampaí ar Rolla (SOAR). Tá SAOR ar fáil anois i ngach oifig an phoist agus cuireann ar chumas luach an stampa a phriontáil ag am an cheannacháin.

Rinneadh punann ilghnéitheach ábhar comhthaobhach, lena n-áirítear Leabhráin Ghradaim, mionleathanaigh, Paca Bliana agus Bailiúchán Clúdaigh Chéad Lae. Arís eile, rinneadh gnáthleagan agus leagan ollmhaitheas araon de Bhliainiris Stampaí na hÉireann. Mar is gnáth, léiríodh gach eisiúint ón gclár bliantúil san eagrán dianteoranta seo, agus rinneadh ag na caighdeáin is airde deartha, le híomhánna den chéad scoth agus téacs faisnéise iontu.

Léiríodh breis agus 30 pictiúr ealaíne de chuid Susan Sex, Bealtaine 2012, as sraith Dheifnídeach Stampaí Fiabhláthanna na hÉireann i dtaispeántas i nGarraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath. Chuidigh An Post leis an taispeántas, ag tabhairt bunobair ealaíne ar cíos go sealadach agus ag táirgeadh bróisiúr taispeána sé leathanach.

ÉIRE 55c

ÉIRE 55c
Greetings Beannachtaí

ÉIRE 55c
Greetings Beannachtaí

NOLLAIG
Éire
€0.55
12313
02501000001

NOLLAIG
Éire
€0.82
12313
02501000001

Éire 55c
NOLLAIG

ÉIRE 82c
ÉIRE 82c

ÉIRE 55c
ÉIRE 55c

VOLVO OCEAN RACE RÁS AIGÉIN VOLVO
ÉIRE
€3
CAMPER
Abu Dhabi

Éire
55c
BRIGÁID DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA CLIATH 150 DUBLIN
FIRE BRIGADE 150

Éire
55c
BRIGÁID DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA CLIATH 150 DUBLIN
FIRE BRIGADE 150

Éire
55c
BRIGÁID DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA CLIATH 150 DUBLIN
FIRE BRIGADE 150

Éire
55c
BRIGÁID DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA CLIATH 150 DUBLIN
FIRE BRIGADE 150

Éire
55c
ESOF 2012 BAILE ÁTHA CLIATH
CATHAIR NA HEOLAÍOCHTA
ESOF 2012
DUBLIN CITY OF SCIENCE

Éire
55c
PV=k
COTHROM 350 BLIAIN
DHÚ BOYLE
350TH ANNIVERSARY
OF BOYLE'S LAW

Éire
55c
osce
ÉIRE 2012 IRELAND

ÉIRE
55c
Barnardos
BARNARDOS IRELAND 1962–2012

ÉIRE 55c
LÓNDON 2012
FOIRNEANN ÉIREANN | TEAM IRELAND

ÉIRE 82c
ÉIRE
IRELAND
LONDON
2012
LÓNDON 2012
FOIRNEANN ÉIREANN | TEAM IRELAND

ÉIRE
55c
EUROPA
CUAIRT AR ÉIRINN
VISIT IRELAND

CUAIRT AR ÉIRINN
VISIT IRELAND
ÉIRE
82c
EUROPA

ÉIRE
82c
TITANIC
ÉIRE
82c
TITANIC
ÉIRE
55c
TITANIC
ÉIRE
55c
TITANIC

ÉIRE
55c
ÉIRE
82c

ÉIRE
55c
ÉIRE
55c

ÉIRE 82c

ÉIRE
55c
ÉIRE
55c
ÉIRE
55c
ÉIRE
55c

INNÉACS

30	Tuarascáil na Stiúrthóirí
33	Rialachas Corparáideach
40	Ráiteas ar Stiúrthóirí ar na Córais Chuntasaíochta
41	Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí
42	Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách
44	Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách ar na Córais Chuntasaíochta
45	Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta
49	Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais
50	Ráiteas Comhdhlúite ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána
51	Clár Comhardaithe Comhdhlúite
52	Clár Comhardaithe na Cuideachta
53	Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid
54	Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
76	Achoimre Airgeadais Cúig Bliain
77	Staidreamh Oibriúcháin

Is maith leis na stiúrthóirí a naoú Tuarascáil Bhliantúil is fiche a chur faoi bhráid, in éineacht le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 chuig 2012.

1. **An Grúpa agus a chuid Príomhghníomhaíochtaí**
   Is í an Chuideachta a oibríonn an tseirbhís phoist náisiúnta agus seirbhísí tarchurtha airgid agus a sholáthraíonn seirbhísí gníomhaireachta do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Státchiste Náisiúnta, do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Phost agus do chomhlachtaí eile.

   Is leis an Aire Airgeadais gnáthscair amháin (atá aistrithe chuig an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí faoi réir Acht na nAirí agus na Rúnaithe 2011), agus is leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha fuílleach an scairchaipitil eisithe.

   Tugtar mionsonraí na ngníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais fho-chuideachtaí, comhbhainteacha agus comhfhiontair, in éinreacht leis an eolas is gá faoi Alt 158 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, i nóta 24 leis na ráitis airgeadais.

2. **Torthaí**
   Is sa chuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúthaithe a leagtar amach mionsonraí na dtorthaí don bhliain ar leathanach 49 agus sna nótaí gaolmhara leis na ráitis airgeadais. Ní mholann na stiúrthóirí díbhinn a íoc don bhliain.

3. **Athbhreithniú Gnó**
   Is ionann caillteanas oibriúcháin an Ghrúpa don bhliain agus €17.5m. An t-ioncam post aonuair nach beag arbh fhiú €28m é, ag éirí as Olltoghchán agus Toghchán uachtaránachta sa bhliain 2011; caithfear é a thabhairt san áireamh nuair a dhéantar comparáid leis an mbliain roimhe sin, ina bhfacthas brabús oibriúcháin €2.2m.

   Tá an láimhdeachas ó oibríochtaí leanúnacha ar fiú €807.3m é beagáinín níos airde ón mbliain 2011. Lean an meath i líon na bpost traidisiúnta ar aghaidh. Chonacthas ioncam méadaithe ó na fo-chuideachtaí le linn na bliana. Coinníodh ar clár laghdaithe costais sa chroú-í-ghnó ar siúl le linn na bliana 2012.

   Caillteanas €39.4m ab ea toradh an Ghrúpa tar éis cánach, tar éis muirear €19.8m a chur san áireamh tar éis cuntasaíochta pinsin, muirear cánacha corparáide don Ghrúpa arbh fhiú €0.1m é agus sciar mionlaigh de na brabúis sna fo-chuideachtaí arbh fhiú €2.0m í.

   Tháinig laghdú ar an easnamh pinsin ó €483.6m an 31 Nollaig 2011 chuig €284.6m an 31 Nollaig 2012, rud a léiríonn torthaí maithe infheistíochta i gcaitheamh na bliana 2012 agus athmheasúnú na dtoimhdí i ndáil le harduithe pá agus pinsin amach anseo.

   Is ionann glanstaid sócmhainní don Ghrúpa agus €12.7m an 31 Nollaig 2012 i gcomparáid le glandliteanais ar fiú €164.6m iad an 31 Nollaig 2011.

   Áirítear an fhaisnéis a éilítear faoi Rialachán 37 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais), 1992, leis an bhfaisnéis a thugtar ar leathanaigh 6 chuig 17.

Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht, féachann na stiúrthóirí agus an lucht bainistíochta do réimse eochairtháscairí feidhmíochta, (KPI), lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

KPI

	Feidhmíocht sa bhliain 2012	Feidhmíocht sa bhliain 2011
Toradh Oibriúcháin		
Brabús/(caillteanas) oibriúcháin mar chéatadán den láimhdeachas	(2.2%)	0.3%
Costais fhoirne mar chéatadán de na costais oibriúcháin iomlána	59.9%	61.7%
Costais mháistrí poist mar chéatadán de na costais oibriúcháin iomlána	9.7%	10.0%
Costais oibriúcháin eile mar chéatadán de na costais oibriúcháin iomlána	30.4%	28.3%
Airgead sa bhanc agus ar láimh	€112.1m	€150.1m
Foireann - Meánchoibhéisí Lánaimseartha (FTE)		
Cuideachta	9,641	10,037
Fo-chuideachtaí	748	612
Grúpa	10,389	10,649
Ráta reatha FTE na Cuideachta ag deireadh na bliana	9,073	9,422
Gnó poist		
Innéacs croí-ioncaim ó litreacha (leathanach 79)	(5.2%)	(7.0%)
Gnó miondíola		
Idirbhearta leasa shóisialaigh	43.6m	44.1m
Idirbhearta BillPay	25.2m	24.9m
Díolacháin cheadúnas teilifíseán (mílte)	1,412k	1,426k
Táirgí Infheistíochta - insreabhadh glanchiste	€1,771m	€1,084m
Banc Taisce an Phoist - insreabhadh glanchiste	€228m	€149m
Duaisbhannaí - insreabhadh glanchiste	€195m	€118m
Buirgléireachtaí agus Robálacha - líon teagmhas	53	67
Seirbhís do Chustaiméirí		
Gearáin scríofa	23,443	27,814
Fiosruithe gutháin	475,414	511,827

i gcomhréir leis an gceangaltas anailís a dhéanamh ar na heochair-rioscaí agus eochair-éiginnteachtaí atá os comhair fhorbairt an Ghrúpa agus na Cuideachta amach anseo, is amhlaidh a aithníodh na cinn seo a leanas:

- tionchar na haeráide eacnamúla i gcoitinnel
- an ceangaltas na cláir athraithe chomhaontaithe a chur i bhfeidhm ina n-iomláine;
- tionchar an ionadaithe leictreonaigh;
- éagumas chun an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche a chistiú;
- praghsanna leordhóthanacha a ghnóthú do sheirbhísí;
- an t-éileamh spriocanna cáilíochta seirbhíse a ghnóthú agus a chothabháil;
- cailliúint fhéideartha de sheirbhísí gníomhaireachta nach beag;
- teip chun saincheisteanna caidreamh tionsclaíoch a réiteach trí mheán próiseas comhaontaithe.

Rinne na stiúrthóirí anailís orthu sin agus ar rioscaí eile, agus tá cláir iomchuí ann chun na rioscaí a bhainistiú agus a rialáil. Is sa Ráiteas um Rialachas Corparáideach ar leathanaigh 33 chuig 39, atá mar chuid de Thuairisc na Stiúrthóirí, a leagtar amach na beartais agus an cur chuige a ghlactar i leith rioscaí agus na nósanna imeachta agus freagrachtaí rialála inmheánaí gaolmhara.

4. Stiúrthóirí, Rúnaí agus a gcuid leasanna

Is iad seo a leanas na hathruithe a chuaigh i bhfeidhm sa Bhord ó dháta thuairisc na stiúrthóirí faoi dheireadh:

Chuaigh an tUas. Jerry Condon ar scor an 31 Deireadh Fómhair 2012.
Chuaigh an tUas. Paddy Costello ar scor an 31 Deireadh Fómhair 2012.
Chuaigh an tUas. Gerry O'Toole ar scor an 31 Deireadh Fómhair 2012.
Chuaigh an tUas. Anne Connolly ar scor an 22 Samhain 2012.
Chuaigh an tUas. Alan Sloane ar scor an 31 Nollaig 2012.
Chuaigh an tUas. Catherine Woods ar scor an 3 Feabhra 2013.
Chuaigh an tUas. John Fitzgerald ar scor an 28 Feabhra 2013.

Ceapadh an tUas. Noel Adamson an 1 Samhain 2012.
Ceapadh an tUas. William Mooney an 1 Samhain 2012.
Ceapadh an tUas. Martina OConnell an 1 Samhain 2012.
Ceapadh an tUas. William Scally an 11 Nollaig 2012.
Ceapadh an tUas. Lorraine Tormey an 1 Eanáir 2013.
Ceapadh an tUas. Christoph Mueller mar Chathaoirleach Ainmnithe an 26 Márta 2013.

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí In oifig an 31 Nollaig 2012 i scaireann, ná i mbintiúir na Cuideachta ná aon chuideachta de chuid an Ghrúpa ag tús na bliana (ná ag dáta a gceaptha dá mba dhéanaí é) ná ag deireadh na bliana (2011: Nialas).

5. Fostaithe

Is fostóir comhdheiseanna é an Grúpa. Breithnítear gach iarratas ar fhostaíocht ina n-iomláine agus go cothrom, ag féachaint go cuí d'inniúlacht agus cumas an duine agus do riachtanais an phoist i gceist. Caitear le gach fostaí ar théarmaí comhionanna maidir le hoiliúint, forbairt ghairmréime agus ardú céime. Deimhníonn An Post go sáraíonn líon na ndaoine le míchumas atá fostaithe ann an sprioc 3% a leagtar amach faoin Acht Míchumais, 2005.

Tá An Post tiomanta chun na caighdeáin sábháilteachta agus na cleachtais sábháilte is airde a chinntiú dá fhostaithe, conraitheoirí agus do bhaill an phobail i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tharla 36.9 timpistí d'am caillte in aghaidh 1,000 fostaí sa bhliain 2012. Is ionann é sin agus méadú bídeach 0.8% le hais na bliana 2011.

Tá An Post tiomanta chun timpistí trína gcailltear am a laghdú, agus is ina leith sin atá sé ag dul i mbun cláir fheabhsaithe sábháilteachta lenar áiríodh creidiúnú a fháil do chaighdeán OHSAS 18001:2007 thiar sa bhliain 2011. Ina theannta sin, d'fhreastail 5,011 fostaí ar shainchúrsaí sábháilteachta sa bhliain 2012, le go leor eile ag freastal ar chúrsaí eile ar áiríodh an tsábháilteacht leis an ábhar. Áirítear leis sin soláthar ardoiliúna tiománaí do 877 tiománaí a bhaineann leas as flít ár gCuideachta. Is eol do An Post gurb iad na hoibleagáidí dlíthiúla an caighdeán íosta is inghlactha, agus is amhlaidh dá réir atá An Post ag sracadh an feabhas a bhaint amach sa limistéar sin, agus tá sé ag coinneáil air ag spreagadh feasachta i measc fostaithe agus conraitheoirí faoin ngá na caighdeáin sábháilteachta is airde a chothú.

6. Íoc Pras na gCuntas

Is é beartas An Post comhlíonadh le ceangaltais na reachtaíochta ábhartha um íoc pras na gcuntas. Is ionann téarmaí caighdeánacha creidmheasa an Ghrúpa a ghlactar, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conartha sainiúla, agus 30 lá. Tá rialálacha inmheánacha airgeadais iomchuí ann, lena n-áirítear rólanna agus freagrachtaí sainithe soiléire agus tuairisciú agus athbhreithniú míosúil ar na cleachtais íocaíochta. Foráiltear ráthaíocht réasúnta ach nach ráthaíocht absalóideach é os coinne neamh-chomhlíonta ábhartha leis na rialacháin.

7. Bainistiú Riosca Cisteáin

Bainistítear oibríochtaí cisteáin an Ghrúpa i gcomhréir le beartais arna bhfaomhadh ag an mBord. Tá ionstraimí airgeadais an Ghrúpa teoranta d'airgead tirim, taiscí ar théarma agus iasachtaí/rótharraingtí bainc, agus is amhlaidh dá dheasca ar teoranta é nochtadh oibriúcháin an Ghrúpa do rioscaí airgeadais. Ligeann beartas bainistíochta cisteáin an Ghrúpa do ghlacadh suíomh fálaithe teoranta i gcoinne malairte eachtraí, ach ní áirítear leis úsáid na ndíorthach.

8. Taifid Chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad le ceangaltais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir le leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta leis an saineolas iomchuí a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Is ag áitreabh na Cuideachta ag Ardoifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1 a chothabháiltear leabhair chuntais na Cuideachta.

9. Iniúchóirí

Is i gcomhréir le hAlt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, a leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, i mbun oifige.

Thar ceann an Bhoird

James Wrynn, **Stiúthóir**
Donal Connell, **Stiúthóir**
27 Márta 2013

Tosaíocht ag stiúrthóirí
An Post is ea leanúint le hardchaighdeáin rialachas corparáideach. Trína bheartas rialachais chorparáidigh a fhorbairt, bhí an Bord ag iarraidh éifeacht a thabhairt don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, agus prionsabail an dea-rialachais atá iomchuí don fhiontar a chur i bhfeidhm.

Tá na stiúrthóirí cuntasach do na scairshealbhóirí i dtaca le rialachas maith corparáideach, agus déileálann an tuarascáil seo le conas ar cuireadh i bhfeidhm an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus prionsabail an dea-rialachais laistigh de An Post.

An Bord
Déantar an Grúpa a rialú trína Bhord stiúrthóirí. Is iad príomhróil an Bhoird oibriúchán an Ghrúpa a mhaoirsiú, ceannasaíocht a sholáthar, cuspóirí straitéiseacha a fhaomhadh agus a chinntiú go gcuirtear na hacmhainní riachtanais airgeadais agus acmhainní eile ar fáil ionas go gcomhlíontar na cuspóirí sin. Buaileann an Bord le chéile ar bhonn míosúil agus forchoimeádtar ábhair ar leith go sonrach don Bhord le haghaidh a chinnidh.

I measc na bhfreagrachtaí ar leith a fhorchoimeádtar don Bhord ná iad seo a leanas: Straitéis an Ghrúpa a shocrú agus buiséad bliantúil agus réamh-mheastacháin mheántéarma a fhaomhadh; feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh; córais de rialú airgeadais agus de bhainistíocht riosca an Ghrúpa a athbhreithniú; a chinntiú go bhfuil forbairt chuí bhainistíochta agus pleananna comharbais i bhfeidhm; feidhmíocht chomhshaoil, shláinte agus shábháilteachta an Ghrúpa a athbhreithniú; ceapachán de Rúnaí na Cuideachta a fhaomhadh; agus cumarsáid sásúil le scairshealbhóirí a choinneáil.

Tharmlig an Bord na freagrachtaí seo a leanas don bhainistíocht: forbairt agus moladh de phleananna straitéiseacha le breithniú ag an mBord, a léiríonn na cuspóirí agus tosaíochtaí níos fadtéarmaí a bhí curtha ar bun ag an mBord; straitéisí agus beartais an Ghrúpa mar a bhí dearbhaithe ag an mBord a chur i bhfeidhm; monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí oibriúcháin agus airgeadais i gcoinne pleananna agus buiséad; dáileadh d'acmhainní teicniúla agus daonna a chur in ord tosaíochta; agus na córais bhainistíochta riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh
Stiúrann an Cathaoirleach an Bord lena straitéis a dhearbhú agus a chuspóirí a bhaint amach. Tá an Cathaoirleach freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, as a chinntiú a éifeachtúlacht agus as a chlár oibre a shocrú. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach na stiúrthóirí go léir agus caidreamh cuiditheach idir an stiúrthóir feidhmiúcháin agus na stiúrthóirí eile, cinntíonn sé go bfhaigheann stiúrthóirí faisnéis ábhartha, chruinn agus thráthúil agus déanann sé cumarsáid éifeachtach le scairshealbhóirí a bhainistiú.

Tá an Príomhfheidhmeannach i gceannas díreach ar an nGrúpa ar bhonn laethúil, agus tá sé cuntasach don Bhord i dtaca le feidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa.

Stiúrthóirí agus Neamhspleáchas Stiúrthóirí
Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a cheapann gach stiúrthóir don Bhord, agus leagtar amach a gcuid coinníollacha ceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn. Toghtar stiúrthóir fostaithe de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 1993 go ceann tréimhse ceithre bhliana. Toghtar an stiúrthóir mháistir poist de réir Alt 81 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983 go ceann trí bliana. Ceaptar gach stiúrthóir eile go ceann téarma seasta, cúig bliana de ghnáth.

Tá an Bord comhdhéanta faoi láthair de thriúr stiúrthóirí déag, mar atá: an Cathaoirleach (ainmnithe), an Príomhfheidhmeannach, cúigear stiúrthóirí fostaithe, stiúrthóir mháistir poist agus cúigear stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Leagtar amach ainmnithe na stiúrthóirí mar aon lena mionsonraí beathaisnéiseacha ar leathanaigh 4 agus 5. Is daoine éagsúla iad atá i bpoist an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh. Mar gheall ar a stádas dlí mar Chomhlacht Stáit agus freagracht a phríomh-scairshealbhóra i gceapachán stiúrthóirí, creideann an Bord gur chomhlíon sé na dualgais atá riachtanach i dtaca le stiúrthóirí a cheapadh.

Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm ag an mBord sa mhéid is go mbuaileann an Cathaoirleach leis an mBord gan an stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith i láthair. Tá an ceart ag stiúrthóirí a chinntiú go ndéantar taifead i miontuairiscí an Bhoird d'aon bhuarthaí neamhréitithe a d'fhéadfadh a bheith acu faoi eagrú an Ghrúpa nó faoi ghníomh ar leith. Má bhíonn a leithéid de bhuarthaí acu, féadfaidh siad, ar éirí as, ráiteas scríofa a sholáthar don Chathaoirleach, le scaipeadh don Bhord.

Tugtar rochtain do na stiúrthóirí ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách ag costas an Ghrúpa, nuair is gá leo a gcuid freagrachtaí mar stiúrthóirí a chomhlíonadh.

Forbairt Ghairmiúil
Ar cheapachán, glacann gach stiúrthóir nua páirt i gclár ionduchtaithe, nuair a fhaigheann siad faisnéis ar an nGrúpa, ar ról an Bhoird agus na hábhair a fhorchoimeádtar le haghaidh a chinnidh, ar théarmaí tagartha agus comhaltais an phríomh-Bhoird agus Choistí an Bhoird, ar chleachtais agus nósanna imeachta an Ghrúpa ar rialachas corparáideach, lena n-áirítear na freagrachtaí a tharmligtear do bhainistíocht sinsearach an Ghrúpa, agus ar an bhfaisnéis airgeadais is déanaí faoin nGrúpa. Déantar é seo a fhorlíonadh de ghnáth le cruinnithe le príomhfhéidhmeannaigh shinsearacha. Le linn a dtréimhse i seilbh oifige, cuirtear na stiúrthóirí ar an eolas cothrom le dáta ar bhonn leanúnach ar ghnó an Ghrúpa, ar na timpeallachtaí iomaíocha agus rialaithe ina n-oibríonn sé, ar ábhair a bhaineann le freagracht shóisialta chorparáideach agus ar athruithe eile a bhaineann leis an nGrúpa agus leis an tionsclaíocht phoist i gcoitinne, trí fhaisnéis scríofa a thabhairt agus trí chruinnithe le feidhmeannaigh shinsearacha. Faigheann stiúrthóirí comhairle freisin, ar cheapachán, ar a gcuid dualgas dlí agus eile mar stiúrthóirí, idir i scríbhinn agus i gcruinnithe duine le duine le Rúnaí na Cuideachta. Déantar iad a nuashonrú ar athruithe ar riachtanais dlí agus rialachais an Ghrúpa agus orthu féin mar stiúrthóirí.

Measúnacht Fheidhmíochta
Ghlac agus rinne an Bord próiseas foirmeálta i dtaca le measúnacht bhliantúil ar a fheidhmíochta féin agus ar fheidhmíocht a phríomh-Choistí. Áirítear leis seo measúnacht tréimhsiúil ar fheidhmíocht seachtrach. Measann an Bord go mbeadh tabhairt isteach de mheasúnacht bhreise ar stiúrthóirí aonair míchuí, mar gheall ar a ndóigh a gceaptar stiúrthóirí, an struchtúr scairsheilbhe agus nósanna imeachta reatha an Bhoird.

Rúnaí na Cuideachta
Is fostaí lánaimseartha de chuid An Post é Rúnaí na Cuideachta. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as comhairle a chur ar an mBord tríd an gCathaoirleach ar gach ábhar rialachais. Tá rochtain ag gach stiúrthóir ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Solathraítear le hAirteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhair don Bhord iomlán iad ceapachán agus aistriú Rúnaí na Cuideachta.

Faisnéis
Scaiptear tuarascálacha agus páipéir ar bhonn rialta chuig na stiúrthóirí ar bhealach tráthúil in ullmhúchán do chruinnithe an Bhoird agus an Choiste. Déantar na páipéir seo a fhorlíonadh le faisnéis iarrtha go sonrach ag na stiúrthóirí ó am go ham.

Faigheann na stiúrthóirí cuntais mhíosúla bhainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis bhainistíochta rialta a chuireann ar a cumas feidhmíocht an Ghrúpa agus na Bainistíochta a scrúdú i gcoinne cuspóirí comhaontaithe.

Caidreamh le Scairshealbhóirí
Déanann an Bord, tríd an gCathaoirleach agus an bhainistíocht, dialóg leanúnach le scairshealbhóirí na Cuideachta ar shainchéisteanna straitéiseacha. Tugann an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach aiseolas don Bhord ar shaincheisteanna a chuireann na scairshealbhóirí in iúl dóibh. Freastaláionn gach stiúrthóir de ghnáth ar an gCruinniú Cinn Bliana agus iarrtar ar scairshealbhóirí ceisteanna a chur le linn an chruinnithe agus bualadh le stiúrthóirí tar éis an imeachta fhoirmeálta.

Rialú Inmheánach
Tá próiseas leanúnach ann le rioscaí suntasacha atá roimh an nGrúpa a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann na stiúrthóirí an próiseas seo a athbhreithniú go tréimhsiúil agus bhí se i bhfeidhm le linn na tréimhse cuntasaíochta agus suas go dtí a dáta ar a raibh na ráitis airgeadais faofa.

Tá na stiúrthóirí freagrach as chóras de rialú inmheánach an Ghrúpa agus socraíonn siad beartais chuí ar rialú inmheánach, iarrann siad dearbhú rialta a ligeann dóibh a bheith cinnte go bhfeidhmítear an córas go héifeachtach, agus cinntíonn siad go bhfuil an córas de rialú inmheánach éifeachtach i dtaca le rioscaí a bhainistiú ar bhealach atá faofa aige. Deartar a leithéid de chóras le rioscaí gnó a bhainistiú in ionad iad a dhíchur, agus ní féidir leis ach deimhniú réasúnta in ionad deimhniú iomlán i gcoinne míraitis nó caillteanais ábhartha. Leagtar amach na príomhrioscaí ag Alt 3 i dTuarascáil na Stiúrthóirí (leathanach 31).

Lean na stiúrthóirí le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras de rialuithe airgeadais agus neamhairgeadais an Ghrúpa le linn 2012, lena n-áirítear rialuithe oibriúcháin agus comhlíonta, bainistiú riosca agus socruithe rialaithe inmheánacha ardleibhéil an Ghrúpa. Mar chuid de na hathbhreithnithe seo, rinne an bhainistíocht meastóireacht ar rialúcháin inmheánacha, deimhniú na bainistíochta ar chothabháil de rialuithe, tuarascálacha ó na hiniúchóirí inmheánacha agus tuarascálacha ón iniúchóirí seachtrach maidir le nithe a aithníodh le linn a chuid oibre iniúchta reachtúil.

Tá an Grúpa den tuairim gur príomhghníomhaíocht bainistíochta í bainistíocht chúramach rioscaí. Ghlac an Bord Beartas Bainistíochta Riosca agus Creat Bainistíochta Riosca agus cheap sé Príomhoifigeach Riosca. Cuimsíonn freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrachtaí Choiste Riosca. Is príomhghné de gach gníomhaíocht é rioscaí gnó a bhainistiú chun deiseanna a sheachadadh. Déantar é seo ag baint úsáide as creat simplí solúbtha a chruthaíonn bealach buan agus seasmhach chun luachanna an Ghrúpa a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh na rioscaí gnó seo, a d'fhéadfadh a bheith straitéiseach, oibríochtúil, deacháile, airgeadais nó comhshaoil, a bheith intuigthe agus sofheicthe. Deimhníonn an comhthéacs gnó i ngach cás leibhéal na riosca agus na rialuithe inghlactha.

Tá an bhainistíocht freagrach as aithint agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí suntasacha agus as dearadh agus cur i bhfeidhm de rialuithe inmheánacha cuí. Déantar na rioscaí seo a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus faightear iad ó fhoinsí éagsúla seachtracha agus inmheánacha. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don Bhord ar na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó, agus ar an tslí ina ndéantar bainistiú ar na rioscaí sin. Tuairiscíonn an bhainistíocht chuig an mBord maidir le haon athruithe suntasacha ar ghnó an Ghrúpa agus ar aon rioscaí a bhaineann le hathruithe den chineál sin. Is cuid ríthábhachtach den timpeallacht de rialú inmheánach é an próiseas a úsáidtear chun príomhhrioscaí a aithint agus a bhainistiú.

Is iad seo a leanas na príomh-mhodhanna oibre a bhunaigh na stiúrthóirí d'fhonn rialú éifeachtach inmheánach a sholáthar:

- fócas soiléir ar chuspóirí gnó de réir mar atá deimhnithe ag an mBord tar éis dó na freagrachtaí reachtúla agus próifíl riosca ghnóthas an Ghrúpa a mheas.
- struchtúr eagraíochtúil sainithe ina bhfuil línte soiléire freagrachta, tarmligean d'údaras agus leithscaradh de dhualgais, deartha le timpeallacht tairbheach rialaithe.
- próiseas bainistíochta riosca ina bhfuil measúnú do straitéis agus forbairt an ghnóthais sa chomhthéacs den phróiseas bliantúil buiséid, nuair a leagann agus a athbhreithníonn an Bord pleananna airgeadais agus spriocanna feidhmíochta i bhfianaise cuspóirí foriomlána an Ghrúpa.
- córas tuairiscithe agus rialaithe a chinntíonn go dtuairiscíonn gnóthais aonair chuig an mBord ar bhonn leanúnach ar a ndul chun cinn le cuspóirí a bhaint amach. Clúdaíonn an córas le haghaidh tuairiscithe idir fheidhmíocht oibriúcháin agus fheidhmíocht airgeadais, tarlaíonn sé ar bhonn tráthúil agus cinntíonn sé go ndéantar éagsúlachtaí buiséid a scrúdú go tapúil agus go dtéitear i ngleic leo go tapúil.
- Is í roinn Airgeadais an Ghrúpa a dhéanann ullmhú agus eisiúint na dtuarascálacha airgeadais a bhainistiú, lena n-áirítear na cuntais chomhdhlúite bhliantúla. Déantar próiseas tuairiscithe airgeadais an Ghrúpa a rialú ag baint úsáide as beartais chuntasaíochta dhoiciméadaithe agus formáidí tuairiscithe d'eisigh roinn Airgeadais an Ghrúpa do gach aonán tuairiscithe (lena n-áirítear fochuideachtaí) laistigh den Ghrúpa roimh dheireadh de gach tréimhse thuairiscithe. Tacaíonn roinn Airgeadais an Ghrúpa le gach aonán tuairiscithe le treoir in ullmhú na faisnéise airgeadais. Tá an próiseas seo á thacú ag líonra de bhainisteoirí airgeadais ar fud an Ghrúpa, a bhfuil freagracht agus cuntasacht acu faisnéis a sholáthar atá ag teacht le beartais chomhaontaithe, lena n-áirítear imréitigh ar fhaisnéis airgeadais a chur i gcrích agus córais a phróiseáil. Cuireann socruithe maidir le leithscaradh dualgas chun seiceálacha neamhspleácha a éascú ar iomláine na sonraí airgeadais tacú faoina cháilíocht. Tá an fhaisnéis airgeadais do gach aonán faoi réir athbhreithnithe ag leibhéal aonáin tuairiscithe agus ag leibhéal an Ghrúpa ag bainistíocht shinsearach. Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhord athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad lena athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- feidhm inmheánach iniúchóireachta a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh le beartais agus ar éfeachtúlacht de rialú inmheanach laistigh de ghnóthais an Ghrúpa. Tá oibriúchán na feidhme iniúchóireachta inmheánaí dírithe ar na réimse a bhfuil an riosca is mó don Ghrúpa acu.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird, a fhaomhann pleananna iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha agus a théann i ngleic le saincheisteanna suntasacha rialaithe ardaithe ag iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

Freastal ar chruinnithe an Bhoird, Choiste an Luacha Saothair, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Phearsanra
Tionóladh deich gcruinniú Boird le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012, agus leagtar amach taifead freastail gach stiúrthóra sa tábla seo a leanas:

Ainm	Incháilithe le freastal	Freastalta
John Fitzgerald	10	10
Noel Adamson	2	2
Patrick Compton	10	10
Jerry Condon	8	7
Donal Connell	10	10
Anne Connolly	9	7
Paddy Costello	8	8
Thomas Devlin	10	9
Paul Henry	10	10
William Mooney	2	2
Peter Ormond	10	9
Martina O'Connell	2	2
Gerry O'Toole	8	8
John Quinlivan	10*	5
Alan Sloane	10	10
Catherine Woods	10	7
James Wrynn	10	9

*Ní raibh an tUas Quinlivan in ann freastal ar gach cruinniú mar gheall ar thinneas

Tionóladh cúig chruinniú an Choiste Luacha Saothair le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012, agus leagtar amach taifead freastail gach stiúrthóra a bhí incháilithe freastal orthu sa tábla seo a leanas:

Ainm	Incháilithe le freastal	Freastalta
John Fitzgerald	5	5
Donal Connell	5	5
John Quinlivan	5	2
Catherine Woods	5	4

Tionóladh ocht gcruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012, agus leagtar amach taifead freastail gach stiúrthóra a bhí incháilithe freastal orthu sa tábla seo a leanas:

Ainm	Incháilithe le freastal	Freastalta
James Wrynn	8	8
Anne Connolly	7	6
Paul Henry	8	6
Catherine Woods	8	8

Tionóladh cruinniú amháin an Choiste Phearsanra le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012, agus leagtar amach taifead freastail gach stiúrthóra a bhí incháilithe freastal air sa tábla seo a leanas:

Ainm	Incháilithe le freastal	Freastalta
John Fitzgerald	1	1
Donal Connell	1	1
Anne Connolly	1	1
Jerry Condon	1	1
Gerry O'Toole	1	1

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Dearbhaítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na gComhlachtaí Tráchtála Stáit, agus é faoi réir faofa Choiste Luacha Saothair Bhord An Post agus an Aire Chumarsáide, Fhuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Dearbhaíonn an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha táilli do gach stiúrthóir le faomhadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is iad na nochtuithe sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le luach saothair agus faisnéis phinsin na stiúrthóirí iad siúd atá riachtanach faoi Chód Cleachtais Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

An Coiste Luacha Saothair

Tá an Coiste Luacha saothair comhdhéanta faoi láthair de thriúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus an Príomhfheidhmeannach. Bhí John Fitzgerald ag feidhmiú mar Chathaoirleach an Chosite go dtí gur éirigh sé as ar 28 Feabhra 2013. Ní bhionn an Príomhfheidhmeannach ag freastal ar chruinnithe a bhaineann lena luacha saothair féin. Nuair is gá, iarrtar ar chomhaltí neamh-Choiste freastal ar chruinnithe. Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste:

- thar ceann an Bhoird, luach saothair agus téarmaí agus coinníollacha eile fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh a dhearbhú, faoi réir comhlíonta le Beartais an Rialtais a bhaineann leis sin;
- thar ceann an Bhoird, struchtúir phá agus téarmaí agus coinníollacha phearsanra eile a dhearbhú (mar a bhí sainaitheanta ag Cathaoirleach an Bhoird);
- bheith ar an eolas faoi fhorbairtí suntasacha i gcaidreamh tionslaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas chaidreamh tionsclaíochta le cinntiú go bhfuil an straitéis comhsheasmhach le pleananna gnó An Post a bhaint amach, agus, thar ceann an Bhoird, cinntí a ghlacadh ar a leithéid d'ábhair;
- feidhmiú, thar ceann an Bhoird, agus gach cinneadh a ghlacadh a bhaineann le pá agus le hábhair ar phá, de réir mar atá dearbhaithe ag an Cathaoirleach an Bhoird;
- feidhmiú, thar ceann an Bhoird, agus gach cinneadh suntasach a ghlacadh a bhaineann le luach saothair, sochair, grádáil fhoirne, moltaí tríú páirtí agus saincheisteanna bainteacha, agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach agus ar chur i bhfeidhm de straitéis acmhainní daonna agus dul chun cinn de phróiseas pleanála acmhainní daonna.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

I 2012, bhí an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de cheathrar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Is é James Wrynn Cathaoirleach an Choiste. Nuair is gá, iarrtar ar chomhaltaí neamh-Choiste freastal ar chruinnithe. Faoina théarmaí tagartha, tá an Coiste le cuidiú leis an mBord lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách ar thuairisciú airgeadais a sholáthar, trí é féin a shásamh i dtaca le héifeachtúlacht rialuithe inmheánacha na Cuideachta agus i dtaca le leorgacht na n-iniúchtaí seachtracha agus inmheánacha.

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta seachtraí agus as moltaí a dhéanamh don Bhord i dtaca le ceapachán, athcheapachán agus luach saothair an iniúchóra sheachtraigh. Tá sé freagrach as a chinntiú go gcoinnítear caidreamh cuí idir an Grúpa agus an t-iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar seirbhísí agus táilllí neamhiniúchóireachta. Mar thoradh ar riachtanais rialála nó chomhchosúla, tá sé riachtanach iniúchóir seachtrach an Ghrúpa a fhostú le haghaidh seirbhísí ar leith a bhaineann le hiniúchóireacht agus nach mbaineann le hiniúchóireacht.

D'fhonn neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh a choimeád, tá beartais dearbhaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le cad iad na seirbhísí a bhaineann le hiniúchóireacht agus nach mbaineann le hinúchóireacht is féidir le hiniúchóirí seachtracha an Ghrúpa a chur ar fáil agus beartais ar an bpróiseas faofa a bhaineann leis na seirbhísí seo. Faoi na beartais sin, ní dhéanfar obair chomhairleoireachta a thairiscint don iniúchóir seachtrach, seachas sa chás go bhfuil éifeachtachtaí soiléire agus sochair bhreisluacha ann don Ghrúpa, agus ag cinntiú go gcoinnítear oibiachtúlacht agus neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leibhéal na dtáillí a íoctar leis an iniúchóir seachtrach a mhonatóiriú.

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar chórais de rialú inmheánach an Ghrúpa agus ar na próisis chun na rioscaí roimh an nGrúpa a mhonatóiriú agus a mheasúnú.

Cuidíonn an coiste freisin agus, nuair is cuí, déanann moltaí don Bhord ar chomhlíonadh a chuid freagrachtaí i dtaca le slándáil. Buaileann an Coiste leis an mbainistíocht, agus go príobháideach leis an iniúchóir seachtrach.

I 2012, chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chuid freagrachtaí trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-ráitis airgeadais an Ghrúpa do 2011 roimh fhaomhadh ag an mBord, agus bualadh leis an iniúchóir seachtrach agus athbhreithniú a dhéanamh leis ar a thuarascálacha atá iontu;
- athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht bheartas cuntasáiochta an Ghrúpa;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar ráitis airgeadais an Ghrúpa ag cúrsaí suntasacha a thiocfadh chun cinn le linn na bliana;
- athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní an iniúchta inmheánaigh, na pleananna iniúchóireachta inmheánaigh a fhaomhadh, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus déileáil le saincheisteanna rialaithe suntasacha a tharraingíonn an t-iniúchóir inmheánach anuas;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas tairisceana i dtaca le ceapachán an iniúchóra sheachtraigh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an táille iniúchóireachta agus neamhiniúchóireachta atá iníoctha le hiniúchóir seachtrach an Ghrúpa;
- athbhreithniú a dhéanamh ar pleanann an iniúchóra sheachtraigh i dtaca le hiniúchad ar ráitis airgeadais an Ghrúpa do 2012, deimhnithe ar neamhspleáchas iniuchóra agus ar tháille bheartaithe iniúchóireachta, agus téarmaí fostaíochta le haghaidh iniúchta a fhaomhadh thar ceann an Bhoird;
- monatóireacht a dhéanamh ar mholtaí tuarascála seachtraí a choimisiúnaigh an bhainistíocht mar gheall ar imeacht caillteanais aitheanta ag brainse miondíola i 2011;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Bainistíochta Riosca agus ar an gCreat Bainistíochta Riosca;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhrioscaí ag an ngnó agus leorgacht chóras aithint agus measúnaithe riosca an Ghrúpa a mheas;
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil bhliantúil ar chórais de rialú inmheánach an Ghrúpa agus ar a éifeachtúlacht, tuairisciú don Bhord ar thorthaí an athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta a fháil ar phríomhréimsí riosca de rialú airgeadais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta slándála i dtaca le foireann, máistrí poist agus custaiméirí a chosaint, sócmhainní a chosaint agus na beartais agus na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh.

Oibríonn an Grúpa nósanna imeachta le cinntiú go bfhuil socruithe cuí i bhfeidhm d'fhostaithe ionas gur féidir leo tarlú d'iompar míchuí a tharraingt anuas, faoi rún, le gníomh leantach oiriúnach ina dhiaidh sin. Cruthaíodh cainéil thuariscithe inar féidir iompar a mheastar a bheith míchuí a thuairisciú trí phost, teileafóin agus ríomhphoist, faoi rún más gá.

An Coiste Ainmniúcháin
De thairbhe go bhfuil an t-údarás uile maidir le stiúrthóirí a cheapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, le faomhadh ó Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níl riachtanas ann ag an mBord measúnú a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le Coiste Ainmniúcháin a bhunú.

Ráiteas Comhlíonta
Mar a luadh thuas, trína bheartas um rialachas corparáideach a fhorbairt, bhí an Bord ag iarraidh éifeacht a thabhairt do Chod Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'eisigh an Roinn Airgeadais, agus na caighdeáin dea-rialachais atá iomchuí don fhiontar a chomhlíonadh.

Deimhníonn na stiúrthóirí go raibh an Grúpa i gcomhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas comhlachtaí Stáit ar fud na bliana airgeadais atá faoi athbhreithniú.

Gnóthas Leantach
Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar phlean gnó an Ghrúpa agus ar fhaisnéis ábhartha eile, agus tá ionchas réasúnta acu go leanfaidh an Grúpa lena oibriúcháin go ceann i bhfad. Ar an gcúis seo, glacann na stiúrthóirí go leanúnach bonn an ghnóthais leantaigh sna ráitis airgeadais a ullmhú.

Thar ceann an Bhoird

James Wrynn, **Stiúrthóir**
Donal Connell, **Stiúrthóir**
27 Márta 2013

Is faoin Acht um Rialáil na Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 a ainmnítear an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) mar an t-údarás rialúcháin náisiúnta don earnáil phoist agus a ainmnítear An Post mar sholáthraí Seirbhíse Uilíche.

Ní foláir nósanna imeachta An Post a stiúradh faoin Acht i gcomhréir leis na treoracha arna socrú ag ComReg agus le forálacha faoi leith san Acht. D'eisigh ComReg treoir do An Post an 8 Nollaig 2006 inar socraíodh ceangaltais mhionsonraithe an rialtóra i dtaca le córais chuntasaíochta An Post (an Treoir). Aithníonn na stiúrthóirí a bhfreagracht as comhlíonadh leis na forálacha cuntasaíochta san Acht, agus tugtar tuairisc sa cháipéis seo a leanas ar an gcaoi ar chuir An Post na forálacha ábhartha den Acht agus den Treoir chun feidhme don bhliain cuntasaíochta dar tús 1 Eanáir 2012.

Taifid Airgeadais agus Córais Chuntasaíochta
Is sna taifid airgeadais agus córais chuntasaíochta arna gcoimeád ag An Post a fhaightear dóthain mionsonraí le cur ar chumas an lucht bhainistíochta chun a chinntiú go gcomhlíonann siad le forálacha cuntasaíochta na Treorach. Coimeádtar cuntais ar leithligh i leith gach aon cheann de na seirbhísí laistigh den tSeirbhís Uilíoch.

Cuntais Leithlisithe
Táthar ag ullmhú cuntas brabúis agus caillteanais agus ráiteas glansócmhainní leithdheighilte chun taisceadh le ComReg don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012. i gcomhréir leis an Treoir is amhlaidh atá comhlacht inniúil ag athbhreithniú na gcuntas sin, agus eiseoidh siad tuairim faoina gcomhlíonadh leis an Treoir.

Lámhleabhar Cuntasaíochta don Lucht Bainistíochta
Táthar tar éis lámhleabhar cuntasaíochta mionsonraithe a ullmhú ina léirítear réimse agus scóp na sonraí le bailiú chun comhlíonadh leis an Treoir agus an bunús ar a leithdháilfear/gcionroinnfear na sonraí idir na seirbhísí. Taisceadh é sin le ComReg sa bhliain 2012.

Léiríonn an lámhleabhar dearbhú ioncaim agus dáileadh costas mionsonraithe, na prionsabail chionranna agus na rialacha atá leagtha amach sa Treoir.

Ráiteas ar Chomhlíonadh
Creideann na stiúrthóirí, bunaithe ar na céimeanna agus bearta thuasluaite, gur chomhlíon An Post leis na forálacha ábhartha den Acht agus le Treoir ComReg i ndáil le Córais Chuntasaíochta An Post don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

Thar ceann an Bhoird

James Wrynn, Stiúrthóir
Donal Connell, Stiúrthóir
27 Márta 2013

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, i gcomhréir leis an dlí agus na rialacháin is infheidhme.

Éilítear faoi dhlí na gCuideachtaí go n-ullmhaíonn na stiúrthóirí ráitis airgeadais Ghrúpa agus Cuideachta i gcomhair gach aon bhliain airgeadais. Is faoin dlí a thogh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne leis in Éirinn, lena mbaineann an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilítear faoin dlí go dtugtar léargas fíor cothrom i ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ar chúinsí an Ghrúpaí agus na Cuideachta agus ar aon bhrabús nó caillteanas de chuid an Ghrúpa don tréimhse sin.

Agus ráiteas airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú araon, ní foláir do na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin ar réasúnta agus stuama iad a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí le tuiscint go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta, agus le cur ar a gcumas chun a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 chuig 2012. Is iadsan freisin atá freagrach as cibé beart is féidir leo a ghlacadh go réasúnta chun sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta a chosaint agus chun an chalaois agus mírialtachtaí eile nach í a chosc agus a bhrath.

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach freisin as ullmhú Thuairisc na Stiúrthóirí a chomhlíonann le ceangaltais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 chuig 2012.

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as cothabháil agus sláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais a áirítear ar láithreán gréasáin na Cuideachta. Is féidir leis an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann bheith éagsúil leis reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

James Wrynn, Stiúrthóir
Donal Connell, Stiúrthóir
27 Márta 2013

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Cuideachta ("na ráitis airgeadais") de chuid An Post don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 lena mbaineann an cuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúthaithe, an ráiteas comhdhlúthaithe de ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, clár comhardaithe na cuideachta, an ráiteas comhdhlúthaithe um shreabhadh airgid, an ráiteas um beartais chuntasaíochta agus na nótaí lena mbaineann. Dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (An Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne leis in Éirinn); is in iad an chreatlach do thuairisciú airgeadais atáthar tar éis a chur chun feidhme agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Is le baill na cuideachta amháin, mar chomhlacht, a cheaptar an tuarascáil seo, i gcomhréir le halt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Chuathas i gceann ár saothair iniúchóireachta sa chaoi is go sloinnfimis do bhaill na cuideachta na nithe úd nach foláir dúinn sloinneadh dóibh i dtuairisc iniúchóra, agus gan aon chuspóir eile bheith leis. Ní ghlacaimid ná ní thugaimid freagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus do bhaill na cuideachta mar chomhlacht a mhéad agus a cheadaítear faoin dlí, as ár saothar iniúchóireachta, as an tuairisc seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Iniúchóra Faoi Seach
Amhail mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí a leagtar amach ar leathanach 41 is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais ina dtugtar léargas fíor cothrom. Is í an fhreagracht atá orainne iniúchadh a dhéanamh agus a tuairim a nochtadh i leith na ráiteas airgeadais i gcomhréir le dlí na hÉireann agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Éilítear sna caighdeáin úd go gcomhlíonaimid leis na Caighdeáin Eitice d'Iniúchóirí arna n-eisiúint ag an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóp an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais
Baineann fionnadh fianaise le hiniúchadh i leith na méideanna agus ábhair nochta sna ráitis airgeadais, ar leordhóthanach í chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil easpa míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnacht ar iomchuí iad na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Ghrúpa agus na cuideachta, agus ar cuireadh chun feidhme go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta nach beag a rinne na stiúthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, is amhlaidh a léimidne gach faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais sa tuarascáil bhliantúil chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a bhrath. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáilne má éirímid feasach ar aon mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha a nochtar.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais
Is í ár dtuairimne:

- go dtugtar léargas fíor cothrom sna ráitis airgeadais, i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne leis in Éirinn, ar ghnóthaí an Ghrúpa agus na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 chuig 2012.

Nithe Nach Mór Dúinn a Thuairisciú De Réir Achtanna Na Gcuideachtaí, 1963 Chuig 2012
Fuaireamar gach eolas agus míniú a mheasamar bheith éigeantach chun críocha ár n-iniúchtana. Tagann clár comhardaithe na cuideachta leis na leabhair chuntais, agus is í ár dtuairimne gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chearta.

Is í ár dtuairimne gur comhsheasmhach é an t-eolas a thugtar i dtuairisc na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais.

Is mó ná a leath dá scairchaipiteal glaoite iad glansócmhainní na cuideachta, arna sloinneadh sa chlár comhardaithe, agus táimid den tuairim ar an mbonn sin nach raibh toisc airgeadais ann an 31 Nollaig 2012 faoinar ghá cruinniú ginearálta urghnách de chuid na cuideachta faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

Nithe Nach Foláir Dúinn A Thuairisciú Go Heisceachtúil
Níl rud ar bith le tuairisciú again i ndáil leis an méid seo a leanas:

Faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 chuig 2012 ní mór dúinn a thuairisciú daoibhse, más í ár dtuairimne nach nochtar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar a shonraítear sa dlí.

Is faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód") nach foláir dúinn a thuairisciú daoibhse nach léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialála airgeadais inmheánaigh arna éileamh sa Chód [amhail a áirítear sa Ráiteas um Rialachas Corparáideach ar leathanaigh 33 chuig 39 comhlíonadh an Ghrúpa leis mír 13.1 (iii) den Chód nó mura mbíonn sé comhsheasmhach leis an eolas ar feasach dúinn é ónár saothar iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid murab amhlaidh.

Caroline Flynn
ar son agus thar ceann,

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Cuideachta Iniúchta Reachtúla
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

27 Márta 2013

I dteannta lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is amhlaidh a d'athbhreithníomar ráiteas na stiúrthóirí ar leathanach 40 maidir le comhlíonadh na Cuideachta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, le forálacha cuntasaíochta an Achta agus leis an treoir do An Post ina leagtar amach ceangaltais mhionsonraithe an Rialtóra i ndáil le córais chuntasaíochta An Post (an Treoir), arna héisiúint an 8 Nollaig 2006 ag rialtóir na seirbhísí poist, ComReg, i dtaca le córais chuntasaíochta An Post.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Iniúchóra Faoi Seach
Is iad na stiúrthóirí a ullmhaíonn ráiteas comhlíonta bliantúil le forálacha cuntasaíochta an Achta agus na Treorach a mbíonn freagracht orthu astu. Is éard is cuspóir lenár n-athbhreithniú aird a dhíriú ar neamh-chomhlíonadh le ceangaltais chuntasaíochta an Achta agus na Treorach. Ní iniúchadh ar na cuntais leithlisithe atá inár n-athbhreithniúna. Eiseofar tuairisc iniúchta ar leithligh i leith iniúchadh na gcuntas rialúcháin.

Bunús na Tuairime
Chuamar i gceann ár n-athbhreithniúna i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus le treoir an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Tuairim
Bunaithe ar fhiosrú stiúrthóirí agus feidhmeannach áirithe na Cuideachta agus ar imscrúdú ar na cáipéisí ábhartha, is í ár dtuairimne, go léirítear go hiomchuí i ráiteas na stiúrthóirí ar leathanach 40 comhlíonadh na Cuideachta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, le forálacha cuntasaíochta an Achta agus leis an Treoir um Chórais Chuntasaíochta An Post, dar data 8 Nollaig 2006 arna heisiúint ag ComReg.

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Cuideachta Iniúchta Reachtúla
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

27 Márta 2013

Táthar tar éis na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur chun feidhme go comhsheasmhach agus na nithe a mheastar bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Ghrúpa á bplé.

1. **Bunús an Ullmhúcháin**
   Is faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne leis in Éirinn a ullmhaítear na ráitis airgeadais, lena n-áirítear comhlíonadh leis na caighdeáin do thuairisciú airgeadais de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais arna bhfógairt in Éirinn ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

2. **Bunús an Chomhdhlúthaithe**
   Áirítear leis na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe ráitis airgeadais na Cuideachta agus a gnóthas fo-chuideachta (cé is moite de Chuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist) arna ríomh chuig deireadh na bliana airgeadais. Na gnóthais fho-chuideachta a fuarthas nó a diúscraíodh le linn na bliana; is ó dháta éadála nó chuig dáta diúscartha na ngnóthas fo-chuideachta a áirítear a dtorthaí leis an gcuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúthaithe. Ar shealbhú gnó éigin is amhlaidh a thugtar luachanna cothroma do na glansócmhainní aitheanta a fuarthas. Pléitear leis an gcáilmheas ag éirí as éadálacha mar a leagtar amach thíos. Mura dtagann bliain airgeadais ghnóthais fho-chuideachta éigin le bliain airgeadais na máthair-Chuideachta, is amhlaidh a chomhdhlúthaítear i ráitis airgeadais an Ghrúpa faisnéis airgeadais eatramhach arna hullmhú ag an bhfo-chuideachta ag deireadh bhliain airgeadais na máthair-chuideachta.

   An t-aon ghníomhaíocht atá ag Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist is ea oibriú an Chrannchuir Náisiúnta faoi cheadúnas ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le forálacha an tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 agus is inchurtha ina iomláine é an barrchas a ghintear gach bliain i leith Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, arna bhainistiú agus arna rialú ag an Aire. Is amhlaidh dá réir nach nglacann An Post rannpháirt sa bharrchas a ghineann Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist agus níl sé i dteideal aon cheart a chleachtadh i leith sócmhainní na cuideachta sin ach an oiread. Is ar an mbonn sin, i gcomhréir le forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 2 'Cuntasaíocht do Ghnóthais Fho-Chuideachta' agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais), 1992, nach n-áirítear ráitis airgeadais Chuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist leis na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe. Foilseofar ráitis airgeadais ar leithligh do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist i mí Aibreáin na bliana 2013.

   Is ionann gnóthais chomhlacha (comhlaigh) agus na gnóthais úd ina mbíonn leas rannpháirteach ag an nGrúpa sa chaipiteal cothromais agus ar féidir leis tionchar nach beag a fheidhmiú tharstu.

   Cuirtear na comhlaigh chun cuntais trí leas a bhaint as modh cothromais na cuntasaíochta. Áirítear sciar an Ghrúpa den bhrabús lúide caillteanais na gcomhlach leis an gcuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúthaithe, agus áirítear a leasanna ina nglansócmhainní nó ina nglandliteanais, seachas an cáilmheas, mar infheistíochtaí sócmhainne seasta sa chlár comhardaithe comhdhlúthaithe.

   Léirítear infheistíocht sna comhlaigh i gclár comhardaithe na Cuideachta mar shócmhainní airgeadais seasta, agus tugtar luach dóibh ag costas lúide forálacha do laguithe luacha.

3. Láimhdeachas

Aithnítear an láimhdeachas de réir mar a sholáthraítear seirbhísí, agus áirítear leis an fáltas ó phostas, seirbhísí gníomhaireachta, puntáiste ó sheirbhísí íocaíochtaí, seirbhísí cúiréireachta agus lóistíochta, seirbhísí comhairleachta, seirbhísí airgeadais, cíosanna agus ioncam úis. Is i ndáil le seirbhísí a fheidhmítear do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist agus do chomhlachtaí eile nach iad a thagann an t-ioncam ó sheribhísí gníomhaireachta. Áirítear na suimeanna atá ina sheilbh agus na seirbhísí gníomhaireachta sin á bhfeidhmiú leis na méideannna i seilbh iontaobhais i bhfoirm airgead ag an mbanc agus ar láimh.

Aithnítear an t-ioncam postais sa chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a dhéantar díolacháin, le coigeartú d'fháltas iarchurtha i gcomhair stampaí a dhíoltar nach n-úsáidtear agus iarmhéideanna sna hinill mhéadraithe postais nach n-úsáidtear ag deireadh na bliana. Aithnítear ioncam eile, arb ioncam gníomhaireachta agus ioncam seirbhíse de chuid is mó é, ar sholáthar na seirbhíse lena mbaineann.

4. Seirbhísí Coigiltis

Is í an Chuideachta a oibríonn, ar bhunús gníomhaireachta agus ar luach saothair chomhaontaithe, Banc Taisce an Phoist agus seirbhísí coigiltis eile do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a fheidhmíonn ar a seal féin thar ceann an Aire Airgeadais.

Íoctar na cistí go rialta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Dílsítear sócmhainní agus dliteanais na seirbhísí sin san Aire Airgeadais, agus is amhlaidh dá réir nach n-áirítear iad leis na ráitis airgeadais seo.

5. Deontais

Cuirtear deontais ioncaim-bhunaithe chun sochair an chuntais bhrabúis agus caillteanais leis an gcaiteachas comlántach a sheach-chur.

Aithnítear na deontais chaipitiúla a fhaightear agus is infhaighte faoi scéimeanna le cúnamh ón AE nuair a fhaightear iad nó nuair is ionann agus cinnte gur féidir a bhfáil a thuar.

Caitear le deontais mar ioncam iarchurtha agus amúchtar iad leis an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhunús atá comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasa a bhaineann leis na sócmhainní seasta inláimhsithe gaolmhara.

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sloinntear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha agus aon mhuirear i gcomhair bearnúcháin.

Ní chuirtear talamh ruílse agus fhadléasach chun dímheasa. Gearrtar sócmhainní seasta inláimhsithe eile don chuntas brabúis agus caillteanais de réir méid chothroim ionas go ndíscríofaí na sócmhainní sin, arna gcoigeartú do luach iarmharach measta, thar shaolré ionchais gach catagóir. Athbhreithnítear fuílleach shaolré ionchais na sócmhainní agus a luachanna iarmharacha ar bhonn rialta.

Soláthraítear an dímheas ar bhreiseanna le dul i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis coimisiúnaithe agus ar dhiúscairtí síos go deireadh na míosa scoir.

Is iad seo a leanas an saolré ionchais mheasta:

	Blianta
Foirgnimh ruílse & fadléasacha	20–50 nó téarma an léasa más giorra é
Leas sa GPO	50
Mótarfheithiclí	5
Trealamh oibriúcháin & ríomhaireachta	3–10

7. Léasanna Oibriúcháin

Gearrtar cíosanna léasa oibriúcháin don chuntas brabúis agus caillteanais de réir méid chothroim thar théarma an léasa.

8. Cáilmheas

An cáilmheas ag éirí as éadálacha, atá mar bharrachas an phraghais cheannaithe thar luach cothrom na nglansócmhainní nó glandliteanas inaitheanta a fuarthas; caipitlítear agus amúchtar é don chuntas brabúis agus caillteanais de réir méid chothroim thar a shaolré ionchais suas le fiche bliain. Athbhreithnítear luach anon an cháilmheasa go bliantúil agus déantar foráil d'aon bhearnúchán luacha. Ar dhiúscairt gnó éigin, áirítear aon cháilmheas le cinneadh an bhrabúis agus an chaillteanais ar dhíol an ghnó.

9. Sócmhainní Airgeadais Seasta

Léirítear sócmhainí seasta airgeadais ag costas lúide forálacha do bhearnúcháin luacha. Aithnítear ioncam ó shócmhainní seasta airgeadais, in éineacht le haon chreidmheas cánach gaolmhar, sa chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain inar infhaighte é.

10. Cánachas

Tugtar an cháin reatha, lena n-áirítear cáin chorparáide na hÉireann agus cáin/cánacha eachtracha, ar bhrabúis inchánach an Ghrúpa, ag méideanna a bhfuiltear lena n-íoc (nó lena ngabháil) trí leas a bhaint as rátaí cánach agus as dlíthe a achtaíodh nó a achtaítear den chuid is mó faoi dháta an chláir chomhardaithe.

Aithnítear an cháin iarchurtha i ndáil le difríochtaí uainiúcháin a tháinig aníos ach nár aisiompaíodh ag dáta an chláir chomhardaithe. Déantar foráil ag na rátaí a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompaítear na difríochtaí uainiúcháin. Is ionann na difríochtaí uainiúcháin agus difríochtaí idir brabúis inchánach an Ghrúpa agus a thorthaí mar a shloinntear sna ráitis airgeadais, ag éirí as áireamh na ngnóthachan agus na gcaillteanas sna brabúis inchánach le linn tréimhsí éagsúla uathu siúd ina n-aithnítear sna ráitis airgeadais iad.

Feictear glansócmhainn cánach iarchurtha bheith inghafa agus ní aithnítear dá réir í ach amháin nuair is féidir, ar bhunús gach fianaise dá bhfuil ar fáil, bheith níos dóichí go mbeidh brabúis oiriúnacha inchánach ann ónar féidir aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin faoina mbun a asbhaint.

Ní aithnítear an cháin iarchurtha maidir le tuilleamh coinnithe na bhfo-chuideachtaí agus na gcomhlach thar sáile, ach amháin sa mhéid is go mbíonn na díbhinní fabhraithe nó infhaighte, ag dáta an chláir chomhardaithe, nó go ndeachaigh an fho-chuideachta nó comhlach i mbun comhaontú ceangaltach tuilleamh natréimhse caite a leithdháileadh sa todhchaí.

11. Pinsin

Soláthraíonn an Grúpa pinsin dá fhostaithe faoi scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe. Soláthraíonn sé aiscí scoir freisin faoi ghnáthchúinsí do mháistrí poist a fhostaítear mar ghníomhairí agus d'fhostaithe neamh-inphinsin.

Fabhraítear agus aithnítear na ranníocaíochtaí i dtaca leis an scéim ranníocaíochta sainithe sa bhrabús nó caillteanas oibriúcháin sa tréimhse ina dtuilleann na fostaithe ábhartha iad.

An difríocht idir luach margaidh sócmhainní na scéimeanna sochair shainithe agus luach reatha dhliteanais na scéime arna measúnú go hachtúireach, arna ríomh trí leas a bhaint as modh chreidmheas réamh-mheasta an aonaid; nochtar í mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe, glan ar dhliteanas nó sócmhainn cánach iarchurtha (sa mhéid agus ar in-aisghabhála í).

Is ionann an méid a ghearrtar ar an mbrabús oibriúcháin agus an costas a chinntear go hachtúireach leis na sochair phinsin a gealladh d'fhostaithe, arna thuilleamh i rith na bliana, móide aon fheabhsuithe sochar a thugtear do na baill i gcaitheamh na bliana.

Is mar chostais airgeadaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais a thaispeántar an toradh a bhfuiltear ag dúil leis ar shócmhainní na scéimeanna pinsin i rith na bliana agus an méadú i ndliteanais na scéimeanna de bharr leachtú an ráta lascaine le linn na bliana.

Aon difríocht idir an toradh a bhfuiltear ag dúil leis ar na sócmhainní agus an toradh a ghnóthaítear go hiarbhír agus aon athrú do na dliteanais de bharr athruithe sna foshuímh nó toisc gurbh éagsúil í taithí iarbhír i rith na bliana ná mar ar gabhadh; aithnítear mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais iomlána í.

i ndáil leis an dliteanas neamhchistithe d'aiscí scoir, is amhlaidh a thaifeadtar ina iomláine luacht reatha an dliteanais, arna ríomh go hachtúireach, sa chlár comhardaithe; agus méadaítear é do chostas na sochar breise a tuilleadh i rith na bliana, rud a ghearrtar don bhrabús oibriúcháin. Taispeántar leachtú an lascaine ar an dliteanas mar chostas airgeadaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais. Athruithe don dliteanas mar thoradh ar athruithe sna foshuímh tomhais nó mar gheall ar an taithí bheith éagsúil go hiarbhír ónar gabhadh; meastar iad bheith ina ngnóthachan nó caillteanas achtúireach, agus áirítear leis an ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána iad.

12. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear na hidirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha isteach san euro, agus taifeadtar iad ag an ráta malairte i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbeart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíocha a ainmnítear in airgeadraí eachtracha isteach san euro ag na rátaí malairte i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha réamhcheannaigh sa chás gurb ann do na conarthaí úd. Pléitear le gach difríocht malairte dá leithéid sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Aistrítear torthaí na bhfo-chuideachtaí thar sáile isteach san euro ag an meánráta malairte don tréimhse. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais na bhfo-chuideachtaí isteach san euro ag rátaí malairte i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaithe. Tuairiscítear na difríochta aistriúcháin mar ghluaiseacht um chúlchistí.

CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS CHOMHDHLÚTHAITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Láimhdeachas an Ghrúpa – oibriúcháin leanúnacha	2	807,295	806,714
Costais oibriúcháin	3	(824,779)	(804,498)
(Caillteanas)/brabús oibriúcháin an Ghrúpa – oibriúcháin leanúnacha		(17,484)	2,216
(Glanchaiteachas)/glanioncam airgeadais eile	17	(19,750)	1,550
(Caillteanas)/brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	4	(37,234)	3,766
Cáin ar (chaillteanas)/bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	5	(129)	(2,134)
(Caillteanas)/brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánachais		(37,363)	1,632
Leas mionlaigh	21	(2,014)	(1,285)
(Caillteanas)/brabús don bhliain airgeadais	6/19	(39,377)	347

Thar ceann an Bhoird

James Wrynn, Stiúrthóir
Donal Connell, Stiúrthóir

RÁITEAS COMHDHLÚTHAITHE DE GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
(Caillteanas)/brabús don bhliain airgeadais		(39,377)	347
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar phleananna fostaíochta poist	17	214,700	(121,630)
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána		175,323	(121,283)

CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚTHAITHE AN 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe – cáilmheas	8	22,253	24,599
Sócmhainní inláimhsithe	9	272,532	266,530
Sócmhainní airgeadais	10	-	-
		294,785	291,129
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	11	103,155	112,235
Airgead sa bhanc agus ar láimh	12	112,105	150,064
		215,260	262,299
Creidiúnaithe: Méideanna ag éirí dlite laistigh de bhliain amháin	13	(186,007)	(191,572)
Glansócmhainní Reatha		29,253	70,727
Sócmhainní Iomlána cé is moite de Dhlliteanais Reatha		324,038	361,856
Creidiúnaithe: Méideanna ag éirí dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	15	(4,360)	(3,461)
Soláthairtí do Dhliteanais	16	(22,352)	(39,432)
Glansócmhainní lúide Dliteanas Pinsin		297,326	318,963
Dliteanas Pinsin	17	(284,620)	(483,594)
Glansócmhainní/(glandliteanais) lena n-áirítear Dliteanas Pinsin		12,706	(164,631)
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	18	68,239	68,239
Cúlchiste comhshó caipitil	18	877	877
Cuntas brabúis agus caillteanais	19	(52,265)	(227,588)
Cistí/(Easnamh) Scairshealbhóirí	20	16,851	(158,472)
Leas mionlaigh	21	(4,145)	(6,159)
		12,706	(164,631)

Thar ceann an Bhoird

James Wrynn, Stiúrthóir
Donal Connell, Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE NA CUIDEACHTA AN 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	9	274,745	270,986
Sócmhainní airgeadais	10	8,969	11,084
		283,714	282,070
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	11	54,051	67,724
Airgead sa bhanc agus ar láimh	12	104,623	141,178
		158,674	208,902
Creidiúnaithe: Méideanna ag éirí dlite laistigh de bhliain amháin	13	(163,150)	(164,595)
Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha		(4,476)	44,307
Sócmhainní Iomlána cé is moite de Dhliteanais Reatha		279,238	326,377
Creidiúnaithe: Méideanna ag éirí dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	15	(3,360)	(3,461)
Soláthairtí do Dhliteanais	16	(22,352)	(39,432)
Glansócmhainní cé is moite den Dliteanas Pinsin		253,526	283,484
Dliteanas Pinsin	17	(284,620)	(483,594)
Glandliteanais lena n-áirítear Dliteanas Pinsin		(31,094)	(200,110)
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	18	68,239	68,239
Cúlchiste comhshó caipitil	18	877	877
Cuntas brabúis agus caillteanais	19	(100,210)	(269,226)
Easnamh Scairshealbhóirí	20	(31,094)	(200,110)

Thar ceann an Bhoird

James Wrynn, Stiúrthóir
Donal Connell, Stiúrthóir

